Dánta le Maol Eachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn (1): *Meisde mh'inmhe mh'fhad ó Shaidhbh*

Gordon Ó Riain

Celtica 38 (2026), 269–306

DOI: 10.58480/SCS-4k7t2-9trrt

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

DÁNTA LE MAOL EACHLAINN NA NUIRSGÉAL Ó HUIGINN (1): *MEISDE MH'INMHE MH'FHAD Ó SHAIDHBH*[1]

Abstract

This article presents an edition of a poem composed in honour of Sadhbh, daughter of Conchobhar Ó Briain, who died in 1410. It includes a discussion of the poet, patron, subject matter, and literary aspects of the poem. Beginning *Meisde mh'inmhe mh'fhad ó Shaidhbh*, the poem represents an important example of praise of women and also addresses questions of patronage and identity.

Réamhrá

1. An file

Maol Eachlainn 'na nUirsgéal' Ó hUiginn a chum an dán atá in eagar anseo.[2] Ceann de dheich gcinn de dhánta é seo atá tagtha anuas chugainn ón bhfile céanna.[3] Is le linn na tréimhse *c.* 1399/1400–1444 a cumadh dánta leis ar féidir dáta a chur leo. De réir a thuairisce féin, is i gCo. Shligigh a oileadh é agus dealraíonn sé go raibh cónaí air i gCo. Ros Comáin. D'fheidhmigh sé mar ollamh flatha don bhrainse de Í Chonchobhair a chónaigh i gCo. Shligigh. Léiríonn an forshloinne 'na nUirsgéal' gur bhain an file cáil amach, agus go raibh scil aitheanta aige, i ndréachtadh na n-*uirsgéal* liteartha, cé nach ngabhann *uirsgéal* le gach dán leis an bhfile atá tagtha slán (an dán seo san áireamh). Ach is gnách go gcuireann sé comparáid(í) ar bun le pearsain liteartha nó stairiúla má bhíonn *uirsgéal* in easnamh.

2. Ábhar an dáin

Is in onóir don bhanphátrún Sadhbh, iníon Uí Bhriain (†1410) a cumadh an dán. Bhí Sadhbh pósta le duine de Bhúrcaigh na Mumhan, Bháitéar mac Risdeard, a raibh cónaí air i gCo. Thiobraid Árann (r. 3*b*).

Tá dhá chomhairle á meá ag Ó hUiginn sa dán tríd síos: (i) bheith in éineacht le Sadhbh i gCúige Mumhan nó (ii) fanacht ina dhúthaigh i gConnachta. Tá an dán roinnte i gcodanna a gcuirtear i láthair iontu: (i) cruachás an fhile (rr. 1–5);

[1]Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le heagarthóirí *Celtica*, leis an té a léigh an t-alt seo faoi rún agus leis na daoine a ghlac páirt i seimineár ar an dán i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

[2]Féach cuntas ar an bhfile in Ó Riain (2022: 97–8).

[3]Tá dánta leis in eagar in Ó Riain (2008) (an dán seo san áireamh), *DDána* uimh. 82, 88, 96, Breatnach (1986), agus Ó Raghallaigh (1938: 45–51). Leagtar dán eile air chomh maith, ach tá amhras ann i dtaobh an té a chum. Dán dar tús *Tuar feirge foighide Dé* é sin (eag. *PB* uimh. 25) agus Ó Cuív (1994: 191–212); déantar plé ar cheist an údair in Ó Riain (2008: 8–9).

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-4k7t2-9trrt

(ii) plé ar fhanacht sa Mhumhain (rr. 6–10); (iii) comparáid le Sadhbh, iníon Chuinn Chéadchathaigh (rr. 11–12); (iv) ginealach iníon Í Bhriain (rr. 13–15); (v) an dá chomhairle agus cinneadh an fhile fanacht i gConnachta (rr. 16–18); (vi) comparáid le filí eile chun tacú lena chinneadh (rr. 19–21); (vii) adhmholadh (rr. 22–34); (viii) caidreamh an fhile le Sadhbh agus cuairt uirthi á cur ar an méar fhada (rr. 35–6); (ix) rainn iargcomhairc (rr. 37–41).

Cé go ndéanann an file cur síos ar bheith in éineacht le Sadhbh agus ar imeacht uaithi i gcuid mhór den dán, cuirtear i láthair dúinn ina thús go bhfuil an file i bhfad óna phátrún agus go bhfuil sí á ghairm go dtí an Mhumhain (rr. 1, 3). Cur síos ar thamallacha a bhí caite aige in éindí léi roimhe seo atá sa dán mar sin, mar aon le freagra ar chuireadh ón bpátrún teacht ar cuairt chuici. Is cosúil go bhfuil an file ag tabhairt le fios go mbainfidh sé Sadhbh amach tráth éigin, ach go mbeidh tamall ann sula n-éireoidh leis é sin a dhéanamh.[4]

Tá cosúlachtaí áirithe ó thaobh stíle agus ábhair de ag an dán seo le dánta eile ina meáitear comhairle faoi fhanacht ag pátrún nó imeacht uaidh (nó a mhalairt de chás).[5] Blúire eile a théann i gcosúlacht leis ná an dán dar tús *Fuaras aisgidh gan iarraidh* mar a dtugann an file le fios nach n-éireoidh leis cuairt a thabhairt ar a phátrún (tar éis dó duais a fháil uaidh gan iarraidh sa chás sin).[6]

I measc na bpríomhthéamaí is féidir a aithint sa dán, tá: (i) an saibhreas agus an grá atá ag Sadhbh don fhile (flaithiúlacht an phátrúin agus na duaiseanna atá aici don fhile; caidreamh na beirte lena chéile); (ii) 'dúthchas' agus 'andúthchas' (dúthaigh an fhile i gConnachta i gcodarsnacht le háit chónaithe an phátrúin i gCúige Mumhan; ceangal ginealais idir an bheirt agus idir an dá cheantar); (iii) comparáidí (le hiníon Chuinn Chéadchathaigh agus le filí eile) agus (iv) moladh ar thréithe na mná.[7]

De bhreis ar an leagan amach is féidir a aithint ó thaobh ábhair agus téamaí de, tá gnéithe eile ag baint le comhdhéanamh an dáin mar atá: (i) an t-athrá agus (ii) úsáid na n-uimhreacha. (i) Déantar athrá ar fhocail atá dlúthcheangailte le téamaíocht an dáin (nó luaitear focal gaolmhar), focail iad sin a bhaineann le: fad, gluaiseacht (nó gan ghluaiseacht), treo, maoin agus dúchas.[8] (ii) Luaitear

[4]Féach an aimsir fháistineach agus an modh foshuiteach i rr. 1, 6, 10. Baintear úsáid as an aimsir ghnáthchaite i r. 3 (ag tagairt do chuairteanna roimhe seo) agus as an ngnáthláithreach i rr. 8–9, 17–18 (ag tagairt don nós atá ag an bhfile cuairt a thabhairt ar an bpátrún ar bhonn rialta, is dócha).

[5]Mar shampla, na dánta dar tús: *Cionnas do fhúigfinnse Aodh* (Cú Chonnacht Ó Dálaigh), eag. Breatnach (1989); *Ionmhuin teach ré ttugus cúl, LBranach* uimh. 47; *Ní doirbh go deaghuil na ccarad* (Maol Domhnaigh Ó Muirgheasáin), eag. Ó Riain (1970); *Atá cás comhairle im cheann* (do Bhrian na Múrtha Ó Ruairc †1591), RIA 2 (23 F 16), 213; *Atám i gcás idir dhá chomhairle* (Eochaidh Ó hEódhasa), eag. Knott (1957: 72–7) agus *DDána* uimh. 70. Pléitear an dán deireanach seo agus áitítear gurbh é Giolla Brighde Ó hEódhasa a chum in *DBM* II 110–1.

[6]*AithdD.* uimh. 29; féach rr. 7, 8, 13.

[7]Féach plé cuimsitheach ar na téamaí seo in Ó Riain (2022: 100–17).

[8]Ina measc: *fad(a)*/*cian* (rr. 1, 6), *anadh* (rr. 1, 6, 10, 18, 19), *triall* (1, 19), *imtheacht* (rr. 3, 9, 19), *teacht* (3, 21), *fágbháil* (rr. 7, 18), *fasdódh* (rr. 8–9, 15), *dola* (rr. 16, 18), *sgaradh* (18, 19, 35) (cf. *rochtain* (1), *céad míle* (4), *tréagadh* (21–2), *a-dtuaidh/thuaidh* (3, 21), *theas* (27)); *inmhe* (cf. *bronnta, ór, bó, seóid* etc. i rr 2–5 agus 7–9); (*an*)*dúthchas*/*dúthaigh* (rr. 11, 15–18, 21) (cf. r. 6: *clanna Cuinn*). Féach samplaí den *bhreacadh* i rr. 2, 13, 14, 26, 31 chomh maith. Tabhair faoi deara freisin go ndéantar macalla ar chuid d'fhocail lárnacha an dáin sna rainn iargcomhairc m.sh. *meisde*/*feirrde*,

uimhreacha éagsúla i gcaitheamh an dáin (nó tá siad le tuiscint).[9] I ngeall ar an ngné lárnach a bhaineann leis na huimhreacha sa dán, is féidir a áiteamh go bhfuil imeartas focal ar bun sa dán in úsáid an fhocail *tréidhe*, focal a bhfuil dhá chiall leis, mar atá 'tréithe' agus 'trí rud/tré'.[10]

3. An bhanphátrún

Tuairiscítear ar bhás phátrún an fhile, Sadhbh, iníon Uí Bhriain, sa bhliain 1410:

Sadb ingen Conchobair h. Briain uxur [sic] *Uater a Burc mortua est.*[11]

Tagraíonn an t-údar do ghinealach Shaidhbhe i ngiota tábhachtach i lár an dáin (rr. 13-15). Tarraingíonn an file ar dhá thuiscint anseo, ceann acu a bhaineann leis an tíreolaíocht agus ceann eile a bhaineann le cúrsaí ginealais. Bhí an tuiscint ann (1) go raibh an tír roinnte ina dhá leath, Leath Chuinn agus Leath Mhogha agus (2) gur shíolraigh formhór na dteaghlach i Leath Chuinn ó Chonn Céadchathach, mar aon le roinnt bheag teaghlach i Leath Mhogha. *Clanna Cuinn* a tugadh orthu sin (r. 6*c*). Is ó iníon le Conn Céadchathach a shíolraigh cuid de mhórtheaghlaigh na Mumhan, áfach, agus bhí ceangal ginealais idir an dá leath dá réir (féach plé ar iníon Chuinn Chéadchathaigh thíos). Is ar an ngné thuaisceartach seo (*Leath Chuinn*) de chraobh choibhneasa an phátrúin a dhíríonn an file chun cóngas gaoil idir a phátrún agus é féin a chur ar bun.[12] Ar thaobh na máthar a dhírítear chuige sin. Díol suntais í an bhéim a leagann an file ar an dá leath sa dán, rud a thugann méar ar eolas dúinn faoin tábhacht a samhlaíodh leis an dá leath ó thaobh na féiniúlachta de.[13]

Is féidir ginealach na mná a chur in úil mar atá sa tábla seo thíos bunaithe ar an dán agus ar théacs ginealais ar na Brianaigh (*Blogh de sheanchus Síol mBriain*) i measc foinsí eile.[14] Tá cló trom anseo ar na daoine a bhain le Leath Chuinn (ó thaobh ceantair nó ginealais de) agus cló iodálach orthu siúd a bhain le Leath Mhogha. Tá líne fúthu siúd a bhí lonnaithe i Leath Mhogha ach a bhain leis an ngrúpa ginealais Clanna Chuinn, agus tá líne dhúbailte fúthu siúd a bhain leis an gceantar Leath Chuinn, ach gan aon cheangal ginealais a bheith ag an teaghlach le Clanna Chuinn.[15]

d(h)earg(as), *leath*, *inmhe* agus *fuarrún* (bheith idir dhá chomhairle).

[9] Mar atá: dhá chomhairle, dhá leath na tíre, agus, faoi mar a fheicfimid, beirt sheanathair agus beirt sheanmháthair, beirt bhan á gcur i gcomparáid (an bhanphátrún agus iníon Chuinn Chéadchathaigh); trí ghlúin i nginealas an phátrúin; triúr filí; tréithe an phátrúin (trí cinn mar aon leis an gceathrú tréith); dathanna an phátrúin (trí cinn mar aon leis an gceathrú dath); ceithre/cúig ghné ar fad sa mholadh Tá na huimhreacha féin le fáil i rr. 9, 13. 14, 17, 21, 32, 33, cf. r. 24.

[10] Plé in Ó Riain (2022: 117–18).

[11] *AC* (§10) s.a.; cf. *AFM* s.a. 1410: *Sadhb inghen Conchobhair Uí Briain ben Uater a Búrc do écc.*

[12] Ceanglaíonn an file an pátrún le haibhneacha i Leath Mogha (rr. 13*b*, 15*b*) i dtús an dáin, ach nuair atá dintúirí tuaisceartacha a phátrúin cinntithe ag an bhfile, ciallaíonn sé go bhféadfaidh sé í a cheangal le habhainn i dTír Eóghain (*an Mhodhairn* r. 25*d*). Maidir le hainmneacha aibhneacha á gceangal le pátrúin, féach *TD* I lvi, lix.

[13] Ó Riain (2022: 109–10).

[14] O'Grady (1929, I: 171–92). Déantar plé cuimsitheach ar an nginealas in Ó Riain (2022: 106–10).

[15] Ó Riain (2022: 107–9).



Luann an file sinsir agus grúpaí eile chomh maith le Leath Chuinn i ndeireadh an bhlúire ghinealais (14–15): Uilliam Búrc (agus na Gaill dá réir), Oirghialla (Colla) agus Laighin (sin-seanmháthair Shaidhbhe, inghean Mhéig Gormáin). Duine de shinsir Mac Gormáin é Fearghas Fortamhail, ardrí na hÉireann sa chianaimsir, atá luaite i r. 14*d*. Mar fhear a bhí i gceannas ar an dá leath den tír roimh aimsir Chuinn, bhí sé feiliúnach mar cheangal idir dhá leath na tíre.[16]

4. Dáta an dáin

Bhí athair Shaidhbhe, Conchobhar Ó Briain, ina rí ar Thuadhmhumhain ón mbliain 1399/1400 amach. Cuireadh as an ríocht é ar feadh tamaill sa tréimhse 1409-10.[17] Ní fheilfeadh an teideal *inghean airdríogh Mumhan* (r. 4*b*) ná *inghean Í Bhriain* (rr. 9*a*, 27*a*, 33*a*, 35*b*) do Shadhbh le linn an ama sin, is dócha. Bíodh is gur fhill athair Shaidhbhe ar an ríocht sa bhliain 1410 agus bhí ina rí go dtí go bhfuair sé bás ina sheanfhear sa bhliain 1426, cailleadh Sadhbh sa bhliain 1410. Dá réir sin, is féidir an dán a shuíomh sa tréimhse 1399/1400-1409.[18]

5. Caidreamh an fhile lena phátrún

Labhraíonn an file in *Meisde mh'inmhe* ar Shadhbh i dtéarmaí ar gnách iad a úsáid i dtaca leis an gcaidreamh idir an t-ollamh flatha agus a phátrún, mar atá *fearann saor* (r. 7*d*), *grádh* (r. 9*b*), *muirn* (r. 9*b*) agus *tréan* (r. 36*c*).[19] Tugann sé sin le fios go raibh dlúthchaidreamh eatarthu. Is dócha go raibh ceangal buan idir an bheirt go dtí gur cailleadh í ón uair go gcuireann rann iargcomhairc i ndán eile leis an bhfile céanna síos ar bhás Shaidhbhe.[20] I bhfianaise an dáin

[16] Ó Riain (2022: 108–9).

[17] *AC* (§2), *Annála Chluain Mhic Nóis* agus *AFM* s.a. 1399, *AU* s.a. 1400; *AFM* s.a. 1409, 1410; *AU*, *AFM* s.a. 1426.

[18] Féach freisin r. 39 n.

[19] Maidir leis na téarmaí seo, féach Breatnach (1983: 60–6, 42–5); idem (1997: 54). Féach samplaí dá n-úsáid ag tagairt do bhanphátrúin in Ó Riain (2022: 101–2 n. 15).

[20] *DDána* uimh. 82 r. 41 (tos. *Do bhriseas bhearnaidh ar Brian*).

seo againne, is cosúil gur caidreamh buan ach ócáideach a bhí ann, cineál caidrimh nach bhfuil mórán staidéir déanta air go dtí seo.[21]

6. Comparáidí

(1) *Sadhbh*
Cuireann Maol Eachlainn na nUirsgéal comparáid ar bun idir a phátrún, Sadhbh iníon Í Bhriain, agus iníon Chuinn Chéadchathaigh a raibh an t-ainm céanna uirthi (r. 11):

> Sadhbh inghean Chuinn dum chrích féin,
> fada ó andúthchas eisēin,
> mo bheith ag Saidhbh ar a sliocht
> dā reich a hainm ‘s a hoighreacht.
>
> ‘Sadhbh the daughter of Conn from my homeland, it is far from unnatural that I should be with Sadhbh through her descendant to whom (both) her name and legacy apply.’[22]

De réir na scéalaíochta, bhí Sadhbh pósta le hOilill Ólomm i gCúige Mumhan (tar éis di a bheith pósta le Maicniadh mac Luighdheach). Deirtear gur rug sí clann mhac d’Oilill, ach tagann na foinsí salach ar a chéile i dtaobh líon na clainne sin. Is gnách go luaitear seachtar mac léi agus deirtear nár mhair díobh ach triúr.[23] Áirítear gur uaithi a shíolraigh Eóghanachta, Cianachta agus Dál gCais.[24] Bhain muintir Bhriain leis an ngrúpa deireanach seo.

Áiríodh Sadhbh ar dhuine de na mná ab fhearr ar domhan.[25] Mar sin, ní beag mar chomparáid é gurb í Sadhbh, iníon Í Bhriain, an t-aon bhean amháin atá ionchomórtais léi, dar leis an bhfile (rr. 23–4):

> Ní rug acht ríoghan éigin
> do mhaicne meic Ceinnéidigh
> —gá bean díbh nach sloinnim soin?—
> oirrim ó rígh dá ríoghain.
>
> Bean éananma d’inghin Chuinn
> an ríoghan rug an urraim;
> tearc d’íbh Sadhbha acht slat Chaisil
> mac samhla na Sadhbhai-sin.

[21] Ó Riain (2022: 119).

[22] Duine de thriúr iníonacha Chuinn Chéadchathaigh í Sadhbh: *Trí hinghena Cuinn is croid / Maoin agus Sadhbh is Sáraid, / trí ríoghna Innse hEalga / millse gríobhdha gruaddearga* (IGT III 649) ‘Know that the three daughters of Conn are Maoin and Sadhbh and Sáraid, three sweet splendid ruddy-cheeked queens of Ireland [Aistriú an scríbhneora].’

[23] M. sh. O’Brien (1962: 192.147b36–9) (luaitear naonúr sna leaganacha den téacs atá in *LL* agus Leabhar Leacáin); ibid. (147b45) sa dán dar tosach *Clann Ailella Auluimb uill.*

[24] O’Daly (1975: 38 §1, 74 §1); cf. Meyer (1912b: 303.25–8). Áiríonn an Céitinneach gur óna mac Eóghan a shíolraigh Clann Charrthaigh agus Síol Shúilleabháin (*FFÉ* II 272); gur ó Chormac Cas a shíolraigh Dál gCais agus síol Aodha (.i. Clann Chon Mara agus síol Fhlannchuidhe) (ibid. 274); gur ó Chian a shíolraigh Ó Cearbhaill, Ó Meachair, Ó hEadhra, Ó Gadhra, Ó Cathasaigh agus Ó Conchobhair Ciannachta (ibid. 276).

[25] Ó Riain (2022: 110–11).

> 'Only a certain queen of the issue of Ceinnéideach's son earned the admiration of a king for his queen — which of their women do I not name? A woman of the same name as the daughter of Conn was the queen who earned this admiration; few of the descendants of Sadhbh, save the wand of Caiseal, are a counterpart of that Sadhbh.'

(2) *Filí eile*
I gcaitheamh an dáin, tagann an file ar an tuairim go mbainfidh sé a phátrún amach uair éigin ach go mbeidh air imeacht uaithi arís ar deireadh. Nuair atá a chinneadh déanta aige, luann sé beirt fhilí a tháinig roimhe is a bhí sa chás céanna leis féin chun tacú lena chinneadh. Leagann sé béim ar an drogall a bhí orthu imeacht ó na Brianaigh agus áiríonn sé é féin ina measc (rr. 19–21):

> Giolla Brighde, breitheamh sgol,
> ó chloinn Táil mar do thrialladh,
> dob é a sgaradh riú mo riocht
> dob fhiú anadh a imtheacht.
>
> Mac Liag mo leithéid oile:
> ō mhaicne Briain Bhóraimhe,
> uatha riamh ní raibhe ag dol
> nach biadh a aire ar anadh.
>
> Dūthchas thuaidh 'gan triar ollamh,
> ionann taobh dhá dtāngamar,
> ionann cridhe dháibh is damh
> fá fhine Tháil do thréagadh.
>
> 'Giolla Brighde, authority of schools, when he used to travel from the descendants of Tál, his parting with them was (as) my plight (is), to stay seemed as desirable as to go forth. Mac Liag was another like me: from the progeny of Brian Bóraimhe, from them he never went but that his mind dwelt on remaining. (We) three chief-poets have a northern birthright, the area we came from is the same, my feeling and theirs about forsaking the descendants of Tál is the same.'

Ón uair gur do shliocht Bhriain Bhóraimhe a thagraíonn Maol Eachlainn na filí seo, is dócha gur daoine iad a mhair am éigin idir an t-aonú haois déag agus ré Mhaoil Eachlainn féin.[26]

(i) *Giolla Brighde*
Ní heol dom ach beirt fhilí arbh fhéidir tagairt dóibh sa tréimhse seo a raibh Giolla Brighde mar ainm orthu, mar atá Giolla Brighde Mac Con Midhe agus

[26]Tugtar faoi deara, áfach, gur téarma níos scaoilte (*clann Táil*) é an téarma a úsáideann sé ag tagairt do Ghiolla Brighde agus don triúr filí le chéile (rr. 19*b*, 21*d*).

Giolla Brighde Albanach.[27] Ní móide gurb é Giolla Brighde Mac Con Midhe atá i gceist, áfach, ón uair nach bhfuil aon dán againn uaidh ag cur síos ar phátrúin taobh amuigh de Chúige Uladh agus Connachta.[28]

Tá dhá dhán againn ó Ghiolla Brighde Albanach a cumadh in ómós do Dhonnchadh Cairbreach Ó Briain (†1242): (i) *Aisling ad-chonnarc ó chian-aibh* ina ndeir an file gur taibhsíodh dó in aisling go bhfaca sé Donnchadh Cairbreach agus (ii) *Tabhraidh chugam cruit mo ríogh* ina moltar cláirseach a phátrúin.[29] Fuair Giolla Brighde Albanach pátrúnacht ó Chathal Croibhdhearg Ó Conchobhair (†1244) chomh maith, is cosúil.[30] Mar sin, d'fhéadfadh Maol Eachlainn na nUirsgéal a bheith ag tagairt anseo don taisteal a dhéanadh Giolla Brighde Albanach go Connachta nó go hAlbain ag fágáil Chúige Mumhan dó. Ní hamháin sin ach tá dánta againn ó Ghiolla Brighde Albanach ag cur síos air féin mar phalmaire a chuaigh ar oilithreacht, cás eile ina gcaithfeadh sé imeacht ó Chúige Mumhan b'fhéidir. Fágann na tagairtí seo go bhfuil Giolla Brighde Albanach feiliúnach le suíomh i gcomhthéacs na comparáide atá ar bun ag Maol Eachlainn na nUirsgéal.[31] Mar thacaíocht bhreise leis an áiteamh sin, is mar 'Ghiolla Brighde' (gan sloinne) a ainmnítear údar aitheanta i sraith deismireachtaí in UCD-OFM A 10 (f. 3r), faoi mar a dhéantar sa dán anseo, agus is dócha gur aon duine amháin é agus Giolla Brighde Albanach.[32]

(ii) *Mac Liag*

Is é Mac Liag an dara file atá ina ábhar comparáide ag Maol Eachlainn na

[27]Féach plé ar an mbeirt fhilí seo in Murphy (1943–4: 90–6) agus in *GBMCM* 1–2, 5; féach freisin plé ar Ghiolla Brighde Albanach in *DBM* II 327–30 agus McLeod (2004: 85–9, 176). Tá fianaise ar fhile darbh ainm Giolla Brighde Beag Mac Con Midhe freisin, ach tá sé curtha i gcás ag Brian Ó Cuív (1970: 195) gurbh ionann é siúd agus Giolla Brighde Albanach.

[28]Dealraíonn sé gur chaith Mac Con Midhe tréimhse ar deoraíocht i gConnachta, *GBMCM* 3–4; ach, gan amhras, níl aon cheangal le Clann Bhriain ar eolas againn.

[29](i) eag. McGeown agus Murphy (1953); (ii) eag. Walsh (1933: 113–15). Leagtar *Tabhraidh chugam cruit mo ríogh* ar Ghiolla Brighde Albanach i Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn, ach is ar Mhuireadhach Albanach atá sé leagtha in RIA 743 (A IV 3), 726. Deir an file sa dán gurb í Albain is *dúthchas* dó (Walsh 1933: 115 r. 13), rud nach dtagann le cúlra Mhuireadhaigh Albanaigh. Is ar Dhomhnall (mac Dáire) Mac Bruaideadha a leagtar an dán in MN M 107, 153, ach is cosúil gurb é is cúis leis sin ná meascán le dán dar tosach *Ceolchair sin, a chruit an ríogh* le Domhnall mac Dáire (eag. Walsh 1933: 111–13) atá breactha roimh an dán *Tabhraidh chugam* sa lámhscríbhinn chéanna.

[30]Féach n. 27 thuas.

[31]Tagraíonn Murphy (1943–4: 96 n. 1) don rann sa dán seo againne agus cuireann sé i gcás gur cur síos ar Ghiolla Brighde Albanach é agus ar a thaisteal ó Thuadhmhumhain go hAlbain; féach freisin *DBM* II 329 mar a nglactar leis gurb é Giolla Brighde Albanach atá i gceist sa rann. Ní miste a lua go bhfuil díospóireacht ar bun faoi cé acu arbh fhile Albanach nó Éireannach é Giolla Brighde Albanach, féach an plé is deireanaí ar an gceist in McLeod (2004: 85–9, 176). Deir file an dáin seo againne gur bhain *dūthchas thuaidh* le Giolla Brighde. Is cosúil gurbh fhéidir an dobhriathar suímh *thuaidh* a thagairt d'Albain mar a dhéanann Maol Domhnaigh Ó Muirgheasáin, Ó Riain (1970: 53 r. 14*c*). Tugtar faoi deara, áfach, gurb iad *soir* / *anoir* agus *thall* na dobhriathra treo agus suímh is minice a úsáidtear i gcás na hAlban, ibid. 53 r. 17, *AithdD.* uimh. 29 rr. 13*a*, 26*a*, *d*, 27*a*.

[32]Mac Con Midhe (gan ainm baiste) a thugtar ar Ghiolla Brighde Mac Con Midhe san fhoinse chéanna (f. 4v).

nUirsgéal. Deirtear go raibh Mac Liag mar ollamh ag Brian Bóroimhe.[33] Tá cur síos spéisiúil sa dán *Díleas gach éanduine a eidhreacht* ar chaidreamh ar leith a bheith ag Mac Liag le bean Bhriain Bhóroimhe.[34] Aithníodh é mar mhórfhile na Mumhan go háirithe:

> Do bhí ollamh an taoibh theas
> Mac Liag, oide na n-ēigeas,
> ina shuidhe a [g]Ceann Coradh,
> ceann uidhe na n-ollamhan.[35]
>
> 'The chief-poet of the south, Mac Liag mentor of poets, was seated in Ceann Coradh, the journey's end of poets [Aistriú an scríbhneora].'

Tá tuairiscí againn a chuireann síos ar thaisteal Mhac Liag timpeall na tíre.[36] De réir an dáin *Samhoin so, sodham go Tadg* a chuirtear i leith Mhac Liag, chaitheadh sé leathbhliain ag Brian Bóraimhe agus an leathbhliain eile i Leath Chuinn, ag Tadhg Ó Ceallaigh go háirithe.[37] Is é taisteal an fhile seo is ábhar d'*uirsgéal* sa dán *Dleaghar cunnradh do chomhall*.[38]

Tarraingíonn Maol Eachlainn na nUirsgéal ar na filí clúiteacha seo a bhí sa chás céanna leis agus samhlaíonn sé é féin leo ar bhealach éifeachtach a chuireann a chás féin i láthair.

7. An moladh

Sa chuid adhmholtach den dán (rr. 25–33), díríonn an file ar thréithe ar leith a luann sé leis an bpátrún, mar atá a huaisleacht (trí mheán a ginealais) agus a háilleacht mar aon lena cuid iompair (a tréithe agus a cuid flaithiúlachta go háirithe).

Insíonn an file dúinn gur thuill na tréithe sin Shaidhbhe meas di ó mhná na hÉireann (r. 27):

> Inghean Í Bhriain an bhairr thruim
> dá trēidhibh tugsad urraim,
> gé [a-]tá ar uirrinn don tír theas
> uirrim gach mná dhíbh dhligheas.

[33]Féach mar shampla *TD* I uimh. 14 r. 29, Meyer (1912a) 225 (r. 47) (*Samhoin so, sodham go Tadg*). Luaitear dátaí báis éagsúla le Mac Liag sna hAnnála mar atá: *Ann. Clon.* s.a. 1009, *Chron. Scot.* s.a. 1014, *AFM* s.a. 1015, *AU*, *ALC* s.a. 1016; cf. freisin Freeman (1924–7: §282) agus Best (1904: 102 §62). D'áitigh Colm Ó Lochlainn (1943: 42) nár phearsa stairiúil é Mac Liag ar chor ar bith. Féach go ndeirtear san *uirsgéal* a ghabhann leis an dán *Cionnas do roichfinn rí Oiligh* (eag. Ó Riain 2007) go raibh Mac Liag mar ollamh ag Niall Glúndubh Ó Néill († 919).

[34]RIA 1134 (23 E 29), 205.

[35]Carney (1945) uimh. 8 r. 31; cf. freisin *IF* uimh. 9 r. 21, uimh. 16 r. 97.

[36]Féach Best (1904: 94–5 §§49, 50).

[37]Meyer (1912: 222 r. 6). Is í an tréimhse ó Shamhain go Bealtaine a chaitheadh sé i Leath Chuinn a deirtear (ibid. 222 rr. 1, 8, 225 r. 47); is botún é *Bealtaine* (recte *Samoin*) in 225 r. 45*a* mar a léiríonn *samh* in r. 45*d* agus na rainn atá díreach luaite.

[38]Tá an dán tras-scríofa in Ó Macháin (1998: 36–42).

> 'They (i.e. Munsterwomen) have given homage to the daughter of Ó Briain who has luxuriant hair for her qualities; although she resides on the very tip of the southern land, she deserves each of its women's admiration.'

Ceann de na tréithe sin an phátrúin ná a cuid flaithiúlachta mar bhean de bhunadh na mBrianach (r. 22):

> Clann Táil nach tréigid filidh
> fuair uirrim gach éinchinidh;
> níor dhiall [re] féile a bhfionnbhan
> riamh acht tréidhe tighearnadh.
>
> 'The descendants of Tál, whom poets do not forsake, gained the admiration of every race; the generosity of their fair women can only be compared with kingly qualities.'

Tréith í sin a théann i gcosúlacht le tréithe na dtiarnaí nó na ríthe. Is cosúil go bhfuil Maol Eachlainn ag tagairt do na tréithe a shamhlaítear le hiompar an rí anseo, mar shampla i dtéacsanna gaoise, leithéidí *Tecosca Cormaic* agus *Senbríathra Fíthail*.[39] Téann flaithiúlacht na mban Brianach i gcosúlacht le flaithiúlacht na ríthe sin agus le tréithe eile nach iad, tréithe arb ionann iad agus na tréithe is fearr amuigh.

Tá an fhlaithiúlacht sin na mban Brianach ag Sadhbh i measc tréithe eile, mar atá *tlás, fos,* agus *féile* (r. 31):

> Tlás [is] fos agus féile,
> bheith d'fhearaibh ar éinchēile,
> tréidhe mhná glaicréidhe gaoil,
> baintréidhe a-tá gan tathaoir.
>
> 'Gentleness and steadfastness and modesty, (causing) men to remain with a single spouse, these are the traits of a smooth-handed kinswoman — female traits that are beyond reproach.'

Tréithe iad sin a shamhlaítear le mná maithe i dtéacsanna éagsula, ina measc an téacs gaoise *Senbríathra Fíthail* agus an scéal *Tochmarc Ailbi*.[40] Tá sampla eile i ndán dar tús *A fhir ná hiad dreich Temrach* i Leabhar Ua Maine:

> Tlās, fos is fēili go fīr,
> trēidi degmnā go ndegnīm
>
> 'Mildness, steadiness and hospitality, truthfully, are the characteristics of a good woman acting well'.[41]

[39] Bhí eolas ar na téacsanna seo sa tréimhse chlasaiceach mar a léiríonn tagairtí dóibh i ndán a chum Giolla na Naomh Mac Aodhagáin (†1309) dar tosach *Gabh mo chomhairle a mheic mhín*, eag. Ní Dhonnchadha (1989: 165 rr. 8, 10). Tá an tsuim chéanna in iompar an rí atá le feiceáil sna téacsanna gaoise le fáil sa séú haois déag sa dán *Mór atá ar theagasc flatha* a chum Tadhg mac Dáire, dán atá in eagar ó RIA 23 F 16 in Nic Cárthaigh (2013).

[40] Plé in Ó Riain (2022: 111–14).

[41] Breatnach (2023: 167 r. 27*ab*, 172). Féach freisin *O'Hara* uimh. 27 r. 7*a* (*ciall agus fos is féile*).

Cuireann na tréithe seo leis an bhflaithiúlacht agus le tréithe na dtiarnaí a luadh thuas, agus déanann moladh feiliúnach (i gcomhthéacs thuiscintí na haimsire) ar Shadhbh mar bhean mhór mhaith.[42]

8. An lámhscríbhinn

Is i lámhscríbhinn ón seachtú haois déag atá an dán tagtha anuas chugainn, mar atá RIA 743 (A IV 3), f. 684–8.[43] Is lámhscríbhinn í seo a bhfuil dánta le scoth na bhfilí le fáil inti, Muireadhach Albanach Ó Dálaigh, Giolla Brighde Mac Con Midhe agus Gofraidh Fionn Ó Dálaigh ina measc. Is cóip mhaith í den chuid is mó, ach tá truailliú dulta i gcion ar línte áirithe, mar atá rr. 3*c*, 6*c*, 18*b*, 30*c*, 31*a*, 32*c*. Tá *Meisde mh'inmhe* breactha roimh dhán eile le Maol Eachlainn na nUirsgéal dar tosach *Ní deireadh d'anbhuain Éireann* sa lámhscríbhinn.

9. Eagrán

Deibhidhe (dán díreach) meadaracht an dáin. Tá cóiriú déanta ar théacs na lámhscríbhinne ar na bealaí seo a leanas:

(i) tá macrain curtha isteach san áit nach bhfuil síneadh fada sa LS;
(ii) má tá séimhiú in easnamh sa LS, tá sé faoi chló iodálach sa chás gur séimhiú comhréire i dtús focal é (m.sh. 'mó is f*h*ada'); soláthraím os íseal é i ngach cás eile (m.sh. Mumhan (LS mum*an*), 'mh'fhad' (LS mhfad));
(iii) tá normalú déanta ar litriú na LS;[44]
(iv) tugtar léamh na LS i gcás aon athrú eile a dhéantar nó sa chás go bhfuil amhras ag baint le scaoileadh na nod;
(v) cuirtear leasuithe ar an téacs ar fáil idir lúibíní cearnógacha.[45]

[42]Plé in Ó Riain (2022: 112–14) agus idem (2025: 455).

[43]Féach cur síos ar an lámhscríbhinn ag Murphy agus Wulff (1936: 2258–64).

[44]Féach *TD* I, xciv–xcviii, agus Ó Riain (2025: 512). Maidir le: (i) litriu na réamhfhocal agus iad ceangailte leis an bhforainm sealbhach *-m*, féach *BST* 190.33–5, 213.31–3 (in éagmais aon treoir faoi fhoirmeacha de *do*, níor athraigh mé litriú na lámhscríbhinne i rr. 11*a*, 40*a*); (ii) urú neamhchlasaiceach ar lorg *nach* (bainte amach anseo), féach O'Rahilly (1932) 39–40; (iii) séimhiú a bhíonn ar thúschonsan ainm dhílis agus é sa ghinideach nuair a léirítear an t-athrú tosaigh sa LS (m.sh. re cloi*n*n chairthi*n*n i r. 18*d*); tá na hathruithe tosaigh tugtha chun rialtachta agam sna cásanna sin (m.sh. *re cloinn gCáirthinn*) cé go bhfuil fianaise ar luaineacht éigin i gcás ainmneacha dílse (Ó Riain 2017: 171); (iv) d'fhéadfaí ionannas gutaí a chur i bhfeidhm i siollaí neamhaiceanta agus síneadh meánach sna siollaí céanna, ach féach *IGT* V §140 (locht á fháil ar litriú dá leithéid i gcásanna áirithe ar a laghad; ba cheart an pointe deireanach a lua mar chuid den tráchtaireacht in Ó Riain 2025: 429); ní chuirtear a leithéid de litriú i bhfeidhm sa LS tríd síos ach an oiread; ba dheacair a áiteamh gur fianaise ar ghuta soiléir é litriú na LSS (seachas an síneadh féin sa siolla neamhaiceanta nó comhardadh súl), go háirithe agus an measc an céanna i litriú na ngutaí neamhaiceanta agus síneadh gairid ann (ní bhaineann le hábhar anseo thar a bhfuil san eagrán thíos ach -io/o/u- i rr. 8*d*, 12*d*, 17*c*, 24*b*, 25*b*, 27*b*, 33*c*, 40*b* sa LS; cf. uirre : sabhroin*n*i, bhanba : comu*r*dha i rr. 13*b*, 33*b*).

[45]Tá an dán tras-scríofa in McManus & Ó Raghallaigh (2010) uimh. 330, ach mar shampla i r. 35*b* tá 'inghion' na LS tras-scríofa mar 'righion' agus é á thuiscint mar 'ríoghan'. Féach freisin Ó Riain (2019a) 134, 139, 144 agus *passim*.

Téacs

1. Meisde mh'inmhe mh'fhad ó Shaidhbh
'na goire a-tá 'gár dtoghairm;
nī anabh gan triall dá toigh
giodh cian rabhar 'gá rochtain.

2. Mōr do bhronntaibh bheanas díom
m'fhad ó inghin an airdríogh;
lór linn agus lór damh-sa
ar mhill dā hór umam-sa.

3. Ar ceann a bó nó a brat ndonn
a-dtuaidh go Tiobraid Ārann
gémadh tráth do th[a]grainn teacht,
do ghnáth nī admhainn imtheacht.

4. Nī husa [io]ná bheith 'na mbun
ag inghin airdrīogh Mumhan
ar ceann séad an tíre theas
céad míle im cheann do chuireas.

5. Seóid do choigill fám chomhair
nī fhéad inghean Chonchobhair;
breith a harradh dāmadh áil
bheith 'na farradh ní foláir.

Aistriúchán

1. My prosperity is lessened by my distance from Sadhbh, she is summoning me to her side; I will not refrain from travelling to her house, although I may be some time in reaching it.

2. Many are the gifts that my distance from the daughter of the high-king deprives me of, all of her gold that she has lavished on me seems ample to me and is ample for me.

3. Although I resolved at times to come from the north to Tipperary for her cattle or her dark mantles, ordinarily I used not consent to leave.

4. It is as difficult as (*lit.* no easier than) being near them (i.e. riches) in the company of the daughter of the high-king of Munster (?); for the riches of the southern land, I have set my mind on [travelling] one hundred miles.

5. Conchobhar's daughter cannot store up treasures for me; if one wishes to take her wares, one must be by her side.

Malairtí

Ceannscríbhinn: máoileachloin*n* na nuirsgél; **1** *c* g*an d* gidh; **2** *b* ing*in c* ⁊; **3** *b* aduaidh] atuáith tiobr*aid c* thograin*n d* admhain*n* (= *ceartú os cionn na líne ar* <to…in>); **4** *a* mbu*n b* i*nghin* aird*r*igh muma*n d* im] u*m* chu*ri*u*s*; **5** *b* i*nghean c* harr*adh d* farr*adh*

6. Anfad feasda 'na farradh
mó is f*h*ada gur anamar;
[maith (?)] mh'āithcheódh ar chlannaibh Cuinn
dallaidh ar n-āithcheōl orainn.

7. Inghean chodhnaigh chloinne Táil
nī thiogfa fúinn a fágbhāil
ar bhuaibh laogh dá leanam dhī
is ar fhearann saor Saidhbhe.

8. Ní bhí an t-each ná an t-earradh sróill
aice acht ar fhuidheall mh'fhasdóidh
ná an cófra munba cead liom
ná an leag órtha ná an fhithcheall.

9. Inghean Í Bhriain do-bheir damh
grádh muintire is muirn dheóradh
– do-bhir gan im[dh]eacht ar mh'óidh –
ag sin dá inleacht mh'fhasdóidh.

10. Anfad agā haghaidh mhoill
– gach ubhall ar a abhaill –
fuil tréanChuinn 'na deala dhamh
le heala méarchuirr Mumhan.

6. I will stay henceforth by her side; I have delayed staying rather long; my reproach to (?) the descendants of Conn has good reason (?), it blunts my keen music.

7. I will not consider parting from the daughter of the champion of Tál's descendants, if I am to cleave to her for the sake of milch cows and their calves and land held free of exactions from Sadhbh.

8. She possesses neither steed nor silken garment, but only subject to the decision (?) that I remain, nor chest, unless I consent to it (i.e. remaining), nor gemstone nor *fidhcheall*-board.

9. The daughter of Ó Briain bestows on me (both) familial love and the affection of an outlander – she compels me to consider not leaving – those are the two devices for retaining me.

10. I will stay with her gentle countenance – every apple belongs on its tree – the blood of mighty Conn connects me with the swan of Munster of tapering fingers.

6 *b* as *c* mhaithcheódh coin*n d* dall*aidh*; **7** *a* i*nghean b* thiucfa; **8** *b* fhuighioll mhfasdóigh *c* munbá; **9** *a* i*nghean* br*í*ain *b* muin*n*tire dhéor*adh c* g*an* imte*cht* mhóigh *d* in*n*tle*cht* mhfasdóigh; **10** *a* hag*aidh c* tr*é*nchoin*n d* lé mhum*an*

11. Sadhbh inghean Chuinn dum chrích féin,
fada ó andúthchas eisēin,
mo bheith ag Saidhbh ar a sliocht
dā reich a hainm 's a hoighreacht.

12. Mná uaisle 'na héagmhais sin
do Leith C*h*uinn cóir a n-āirimh
uimpe ar-aon re hinghin [g]Cuinn,
nī gaol nach imdhigh orainn.

13. Leath Cuinn āirighim uirre
díbh máthair mhná Sabhrainne
– le sgoil dá tír do tháthaigh –
díbh soin a dhā seanmhāthair.

14. Fuil Cholla is comhfhogas dī
ó dhā sheanathair Shaidhbhe,
ó a bhfuil 'na [h]eanghlais dá fhíon,
is fuil Fhearghais an airdrīogh.

15. Fuil Uilliam Búrc an bha[i]rr thais,
ōr gh[e]in máthair mhná an Fhorghais,
agā brosdadh do bhí an fhuil
'gum fhosdadh dhí óm dhúthaigh.

11. Sadhbh the daughter of Conn from my homeland, it is far from unnatural that I should be with Sadhbh through her descendant to whom (both) her name and legacy apply.

12. Other noble women from Conn's Half (i.e. the northern half), in addition to the daughter of Conn, should also be mentioned as related to her (i.e. Sadhbh) – it is not a kinship that does not exist between us.

13. I number the mother of the lady of the Sabhrann as being from Conn's Half – she (i.e. Sadhbh) has united with a poet from her land – both her grandmothers are from there.

14. The blood of Colla is close to Sadhbh through both her grandfathers, through whom she is a mixture of two wines, as is the blood of Fearghas the high-king.

15. The blood of Uilliam Búrc of the soft hair from whom the mother of the lady of the Fergus is descended, that blood was inciting her to retain me from my homeland.

11 *a* i*nghean* choin*n* f*éin d* hoidhrio*cht*; **12** *b* l*eith* coin*n c* hing*in* choin*n d* imghidh; **13** *a* coin*n c* lé *d* seanm*athai*r; **14** *a* as *c* ffuil; **15** *a* uill*iam* bha*r*r

16. Tráth éigin d'aimhdheóin Shaidhbhe
'nar ndúthaigh dhá ndeachaim-ne,
badh cumhain é ar a fheabhas
mé i Mumhain ar mhuintearas.

17. Tugsad tiodhlaicthe Saidhbhe
mé i gcomhrag dhá chomhairle:
ciabh ghlúnchas 'gá ngabhaim port
is dúthchas chladhfhuinn Chonnacht.

18. Tig fúm gan a fágbhāil s[o]in;
tograim dol[a] go ar ndúthaigh;
beag nach anadh badh loinn linn
ag sgaradh re cloinn [g]Cāirthinn.

19. Giolla Brighde, breitheamh sgol,
ó chloinn Táil mar do thrialladh,
dob é a sgaradh riú mo riocht
dob fhiú anadh a imtheacht.

20. Mac Liag mo leithéid oile:
ō mhaicne Briain Bhóraimhe,
uatha riamh ní raibhe ag dol
nach biadh a aire ar anadh.

16. At some time, in spite of Sadhbh, if I return to my homeland, my soujorn in Munster among friends will be remembered, so wonderful was it.

17. Sadhbh's gifts have caused me to be caught in a conflict of two (opposing) counsels: the coiffured lady of elaborate pedigree with whom I reside, and (my) birthright of the ramparted land of Connacht.

18. I consider not leaving her; I resolve to go to my homeland; I would almost long to remain when parting from the descendants of Cáirtheann.

19. Giolla Brighde, authority of schools, when he used to travel from the descendants of Tál, his parting with them was (as) my plight (is), to stay seemed as desirable as to go forth.

20. Mac Liag was another like me: from the progeny of Brian Bóraimhe, from them he never went but that his mind dwelt on remaining.

16 *a* thsaidhbhe *c* ndhechaimne *d* mhuin*n*tioras; **17** *b* a gcomhrac *d* as; **18** *a* sin *b* dol gó *d* sgar*adh* chairthin*n*; **19** *b* thríall*adh* *c* dub; **20** *a* leithéid *b* bríain *d* mbíadh an*adh*

21. Dūthchas thuaidh 'gan triar ollamh,
ionann taobh dhá dtāngamar,
ionann cridhe dháibh is damh
fá fhine Tháil do thréagadh.

22. Clann Táil nach tréigid filidh
fuair uirrim gach éinchinidh;
níor dhiall [re] féile a bhfionnbhan
riamh acht tréidhe tighearnadh.

23. Ní rug acht ríoghan éigin
do mhaicne meic C[e]innéidigh
– [g]á bean díbh nach sloinnim soin? –
oirrim ó rígh dá ríoghain.

24. Bean éananma d'inghin Chuinn
an ríoghan rug an urraim;
tearc d'íbh Sadhbha acht slat Chaisil
mac samhla na Sadhbhai-sin.

25. Nī cinneadh d'inmhe orra,
ní dealbh 'na díol orrama,
do-bheir oirrim shíl Shaidhbhe
do choinnill mhín Mhodhairne.

21. (We) three chief-poets have a northern birthright, the area we came from is the same, my feeling and theirs about forsaking the descendants of Tál is the same.

22. The descendants of Tál, whom poets do not forsake, gained the admiration of every race; the generosity of their fair women can only be compared with kingly qualities.

23. Only a certain queen of the issue of Ceinnéideach's son earned the admiration of a king for his queen – which of their women do I not name?

24. A woman of the same name as the daughter of Conn was the queen who earned this admiration; few of the descendants of Sadhbh, save the wand of Caiseal, are a counterpart of that Sadhbh.

25. It is not by surpassing them in wealth or by (having) an appearance that merits admiration that the offspring of Sadhbh (i.e. the people of Munster) have cause to hold the smooth candle of the Mourne in esteem.

21 *a* thuaidh] thúaith oll*amh*; **22** *a* tt*r*eigid fil*idh* *b* éinchin*idh* *c* re] lé; **23** *b* m*e*ic cin*néid*igh *c* cá *d* ríog*ain*; **24** *a* choin*n* *d* m*a*c; **25** *c* uirrim *d* chuin*n*ill

26. Ní huaisle 'na [h]adhbhar g*h*ill
do-bhéaradh aice an uirrim,
gé fhuair-se a bruinneadh ó Bhrian
is tuilleadh uaisle ó Uilliam.

27. Inghean Í Bhriain an bhairr t*h*ruim
dá trēidhibh tugsad urraim,
gé [a-]tá ar uirrinn don tír theas
uirrim gach mná dhíbh dhligheas.

28. Dá rabh ar ríoghnaibh Banbha
luighe re [a] lucht ealadhna,
ní badh coimhmionna dhí is dáibh
ar tí a n-oirrioma d'fhaghāil.

29. Dá mbeith gach aoinbhean aca
ar seachna dhámh ndeórata,
ní léig mac deóraidh gan díol
an tslat d'fheólfhuil na n-airdrīogh.

30. Dá dtugadh mar nach tabhair
eiteach ar gach ollamhain,
a-tá a [cleith] d'airdhibh oile
'gár gcleith shaidhbhir Shadhbhai-ne.

26. Nobility is not the grounds for excellence that would win admiration for her, although she was refined by Brian and inherited further nobility from Uilliam.

27. They (i.e. Munsterwomen) have given homage to the daughter of Ó Briain who has luxuriant hair for her qualities; although she resides on the very tip of the southern land, she deserves each of its women's admiration.

28. If the queens of Banbha had to sleep with their poets, she (i.e. Sadhbh) and they (i.e. the queens) would not be equally prominent in obtaining their (i.e. the poets') esteem.

29. Even if each of those women were to shun companies of outlanders, the scion of the flesh and blood of the high-kings does not permit the son of (such) an outlander to go unrewarded.

30. Even if she refused all poets – which she does not – my prosperous mainstay, Sadhbh, has other hidden qualities (?).

26 *c* fúairsi b*r*uin*neadh* b*rí*an *d* tuill*eadh* uill*iam*; **27** *a* i*nghean* t*r*uim *b* tugs*a*t; **28** *b* luidhe ré eal*adh*na *c* coi*mh*mion*n*a dfag*ail*; **30** *a* ttug*adh* ttabhair *c* cleith] cheilt dairrdhibh

31. Tlás [is] fos agus féile,
bheith d'fhearaibh ar éinchēile,
tréidhe mhná glaicréidhe gaoil,
baintréidhe a-tá gan tathaoir.

32. Gile, diorga, agus duibhe,
trí datha ó mBriain Bhóraimhe,
fuair go gcaolach ndata ndearc
gach aondath aca i n-aoineacht.

33. Fuair inghean Í Bhriain Bhanbha
an ceathramhadh comhardha:
ríoghan osgardha Uisnigh,
rosggurma san ríoghain-sin.

34. A díthcheall dána molta
is agam badh ionganta
's a feabhas le [a] fear páirte,
bean dár bheanas bótháinte.

35. Gen go ngabhadh geis oile
inghean Í B*h*riain Bhóraimhe,
mar do sgéaradh sinn re Saidhbh
a-déaradh gan inn d'iarghairm.

31. Gentleness and steadfastness and modesty, (causing) men to remain with a single spouse, these are the traits of a smooth-handed kinswoman – female traits that are beyond reproach.

32. White, red and black are the three colours of the descendants of Brian Bóraimhe; she has received each of these colours side by side, along with an attractive eye-wattling.

33. The daughter of Ó Briain Bhóraimhe received a fourth sign: the august queen of Uisneach has blue eyes.

34. It would be surprising for me to have a fitting eulogy for the woman, so esteemed by her companion, from whom I took herds of cattle.

35. Although the daughter of Ó Briain Bhóraimhe would commit no other transgression, when I would part with Sadhbh, she would ask not to have me recalled (?).

31 *a* is] *om.* agus] ⁊ *c* glaicr*éidh*e; **32** *a* ⁊ *c* gcaolach] gcláolach; **33** *b* ce̲thram*adh*; **34** *b* as *c* sa lé; **35** *a* Gén oíle *b* bríai*n* *c* ré

36. Mo chuid do chlannaibh Sadhbha
Sadhbh inghean mheic M*h*athghamhna,
tréan 'gá súil mhongfhabhraigh mē
tnúidh ar ollamhnaibh uime. Meisde

37. Feir[r]de le fearaibh Uladh,
m[e]isde le mnáibh fionnMhumhan,
céim lé mbéara thoir ar thréan
a-moigh do-bhéara Bháitēar.

38. Iomdha i Leith C*h*uinn na gcuach ndearg
do mhainéara, a mheic Risdeard,
biaidh an leath-sa i ndeighriocht dhē
badh leat-sa eighreacht th'aicme.

39. Feir[r]de mh'inmhe mh'fhaicsin dó
Mac Domhnaill dheargas caolghó,
lámh ón meince cneadh c*h*roidhe
fear teilgthe na táthlaimhe. Meisde

40. Croch Dhé dum dhídean orra,
truagh ar n-inmhe eatarra,
ar bhfuarrūn is ar bhfearg thē
nī sealg ar nuamhūr nimhe.

36. Sadhbh the daughter of Mathghamhain's son is my share of the children of Sadhbh (i.e. most of the people of Munster); I hold sway with her thickly lashed eye, poets are envious thereby.

37. All the better for the men of Ulster, all the worse for the women of bright Munster, is a situation whereby he will gain power in the east – this will bring Bháitéar out (of Munster).

38. Numerous are your manors in Conn's Half of the red goblets, o son of Risdeard; this half will be in good stead owing to this, your race's inheritance will be yours.

39. My prosperity is improved by my being noticed by Mac Domhnaill who bloodies slender spears; the hand that most frequently deals fatal wounds, he the caster of the sling-stone.

40. May the Crucifix protect me from my ineffective resolve (?) and my fiery anger – my circumstances are pitiful (caught) between them – it is no attempt to attain the bright castle of Heaven.

36 *b* ing*ean* *c* mhongfhabhr*aigh* *d* meisde] .m*eisde.*; **37** *a* lé ul*adh* *b* misdi lé *d* a moigh bháit*ear*; **38** *b* me*i*c *d* eidhreacht; **39** *b* m*a*c *c* cn*eadh* cr*idh*i *d* teilcthi meisde] .m*eisde.*

41. Meisde a fhad go ndamhaim dhuid
mo bhreith ó phéin, a Phádraig,
nī thallan nach tiogfa rinn,
bhar bhfiorta is annamh éisdim. Meisde

41. The length I wait before allowing you to secure me from pain, o Pádraig, is all the worse as this will surely be charged against me in the next life; I rarely heed your miracles.

41 *b* breith *c* ttiocfa *d* as meisde] .m*eisde*.

Nótaí

1*b.* *'na goire a-tá 'gár dtoghairm* 'she is summoning me to her side'. Is féidir an líne seo a thuiscint ar dhá bhealach: (i) *Sadhbh* (líne *a*) a thuiscint mar ainmní an bhriathair, faoi mar atá déanta thuas; (ii) líne *a* nó *mh'fhad* a thuiscint mar ainmní an bhriathair (*a-tá*); aistr. 'My prosperity is lessened by my distance from Sadhbh, this is summoning me to her side'. Is dócha gur fearr (i) ón uair go dtugann an file le fios nach mbainfidh sé Sadhbh amach go fóill (seachas cinneadh uaidh féin dul ar cuairt chuici, mar a thabharfadh (ii) le fios). Féach freisin r. 35.

2*d.* *ar mhill dā hór umam-sa* 'all of her gold that she has lavished on me'. Glacaim le *inghean* (líne *b*) mar ainmní an bhriathair agus an file ag tabhairt le fios nach easpa flaithiúlachta a thugann air fanacht i gConnachta. D'fhéadfaí a áiteamh gurb é *m'fhad* (líne *b*) ainmní an bhriathair (*millidh*) freisin, aistr. 'all of her gold that my distance from her has spoilt for me'. De réir na tuisceana sin, bheadh an file ag tabhairt le fios gur leor na duaiseanna atá imithe amú air is gur cúis é sin le Sadhbh a bhaint amach anois.

3*cd.* *teacht* : *imtheacht* 'to come … to leave'. Teacht go Cúige Mumhan agus imeacht ó Chonnachta atá i gceist, ní foláir. Tá cosc ar *rinn* agus *airdrinn* ina mbíonn an chéad fhocal (*rinn*) mar dhara heilimint san fhocal atá mar *airdrinn* de réir IGT V §108. Luaitear eisceachtaí ar an riail áirithe sin, áfach, ina measc an péire atá i gceist anseo, féach *BST* 235.21, 17b.5–6.

4*a.* *Nī husa [io]ná bheith 'na mbun* 'It is as difficult as (*lit.* no easier than) being near them'. Tá comparáid ar bun sa líne, ach tá an chéad ábhar comparáide fágtha ar lár sa rann. Tuigtear dom go bhfuil an file ag leanacht den smaoineamh a cuireadh i láthair i rann 3 faoi bheartú ar theacht chuig Sadhbh (líne *c*) agus imeacht ó Chonnachta (líne *d*). Is éard atá i gceist ná go mbeadh sé chomh deacair céanna don fhile imeacht ó Chonnachta is a bheadh sé imeacht ó Shadhbh tar éis dó í a bhaint amach. Maidir le *ioná*, féach IGT V §12 (Ó Riain 2025: 218).

4*a.* *bheith 'na mbun* 'being near them (?)'. Tagraíonn an aidiacht shealbhach iolra don fhocal *séad* (gin. iol.) i líne *c*, is cosúil. Tuigtear dom go ngabhann brí

áite leis an leagan cainte *bheith i mbun* anseo, féach samplaí in *DIL* B 241.81–2 agus RIA 92 (24 P 4), 271 (*Fada m'fhuireach óm fhior ghráidh* r. 9): Tar fhéin chláir bilin*n*sigh breagh / na dháil dlighfin*n*si dul [sic; leg. do dhlighfinnse] / leam ar leath [sic; leg. leith] an*n*sa ón fhior / ciodh dhamhsa gan bheith na bun ('Beyond all other warriors of the plain of Breagha which abounds in trees and byres, I should go to his side; love from that man is mine in particular (so) why should I not be near him? [Aistriú an scríbhneora].'). Tacaíonn na leaganacha cainte eile a ngabhann brí áite leo sa chuid tosaigh den dán leis an tuiscint seo, féach *'na goire* (r. 1*b*), *'na farradh* (rr. 5*d*, 6*a*). Roghanna eile ab fhéidir a chur i gcás mar aistriú, b'fhéidir, ná 'to be occupied with them' nó 'to be intent on them' (cf. Ó Dónaill 1977 s.v. *bun* 13 agus r. 4*d* n.).

4*d*. *im cheann do chuireas* 'I have set my mind on'. Maidir leis an mbrí atá á baint as an leagan cainte seo, féach *DIL* C 124.73–83, *AithdD.* uimh. 1 r. 9*c* n. agus Ó Dónaill 1977 s.v. *ceann*.

5. Sa rann seo deir an file gur gá dó a bheith ar an bhfód i dteach a phátrúin más mian leis glacadh le duaiseanna uaithi ón uair go mbeidh siad á gcaitheamh go flaithiúil aici ar dhaoine eile mura mbeidh sé ann. Tá mianach an tseanfhocail ag baint leis an leathrann *cd*.

6. Is cosúil gurb é atá á rá anseo ná go bhfuil an dá chomhairle atá á meá (Sadhbh a bhaint amach agus na cúraimí atá ar an bhfile ina dhúthaigh i gConnachta) feiliúnach chun cur isteach air agus ar a ghairm (a chuid filíochta, nó a chuid ceoil mar atá ráite anseo). Féach na nótaí thíos, áfach, maidir leis na deacrachtaí a bhaineann leis an rann.

6*b*. *mó is fhada gur anamar* 'I have delayed staying for rather long (*lit.* it is rather long until I stayed)'. Gheofar samplaí eile den dul cainte *fada go* in *DBM* uimh. 17 r. 36*a* (= Breatnach 1944: 198) agus O'Sullivan (1987) uimh. 3 r. 4. Maidir le *mó is* a úsáid chun treisiú le haidiacht, féach Breatnach (1990: 6–7).

6*c*. Tá siolla in easnamh ar líne *c*. Tharlódh (i) gur fágadh focal ar lár sa líne i ngeall ar é a bheith cosúil le cuid den fhocal a lean (*haplography*). Dá réir sin, tá sé curtha i gcás agam gurbh é *maith maithcheodh* a bhí os comhair an scríobhaí agus tá an focal *maith* curtha isteach sa téacs agam dá réir; is ionann é seo is a rá go bhfuil cúis mhaith ag an bhfile ar a phátrúin i gConnachta a fhágann go bhfuil sé chomh deacair sin aige imeacht uathu (cf. r. 4); (ii) gur cheart *mo tháithcheódh* ('my reproach') a léamh in ionad *m'áithcheódh*, féach *DIL* s.v. *taithcheódh*. Tá síneadh os cionn an ghuta sa lámhscríbhinn san aon sampla amháin den fhocal atá luaite in *DIL* (ach tharlódh gur scríob os cionn an *i* ba cheart a thuiscint ('*hair stroke*')); níl fad an ghuta deimhnithe i gcomhardadh; (iii) gur cheart guta neamhaiceanta a sholáthar san fhocal 'mhaithcheódh' (i.e. mh[a] āithcheódh) ar an tuiscint gur fágadh é sin ar lár i ngeall ar an dá litir *a* (*haplography*). Sa chás sin, b'fhéidir go bhfuil *mh* litrithe in ionad *bh* agus go seasann an litriú *bha* don fhoirm *fa*, féach *SnaG* III §13.12 agus O'Grady (1929: I, 118.35) don mhalartú *ba/fa* (réamhfhocal). Níor mhór glacadh leis an bhfoirm *fa* i riocht aimsir chaite na copaile anseo, áfach; aistr. 'it was a reproach to the descendants of Conn'. Ní féidir a bheith cinnte i dtaobh na moltaí thuas.

6*c*. *Cuinn* (LS coin*n*) ‘of Conn’. Déantar *Cuinn* den ainm *Conn* sa tuiseal ginideach, féach IGT II §67. Sin í an fhoirm atá sa lámhscríbhinn in r. 38*a*, agus tá leasú déanta agam dá réir anseo agus in rr. 10*c*, 11*a*, 12*b*, *c*, 13*a*, 24*a*. Ardú neamhchlasaiceach ar an nguta i gcoibhneas le consan srónach is cúis le *oi* a theacht chun cinn anseo, féach O’Rahilly (1932: 194–5) agus r. 25*d* n. thíos.

6*c*. *āithcheódh* ‘reproach’. Tá éiginnteacht ag baint le fad an ghuta thosaigh san ainmfhocal seo agus leis an gcomhardadh (: *āithcheōl*) dá réir. Is faoin gceannfhocal *áithcheó(d)* ‘refuting’ a thugtar an focal in *DIL*, agus luaitear samplaí ansin ina bhfuil an guta tosaigh fada nó gearr. Guta fada tosaigh atá in *áithcheódh* san aon sampla amháin eile den ainmfhocal atá agam i gcomhardadh: (: *gnáithcheól*), *AithdD.* uimh. 97 r. 14*cd* (cf. *AithdD.* II 363 maidir leis an léamh seo). Is é mo thuairim gur fearr an chiall a thugann *āithcheōl* ‘sharp / keen music’ anseo (in áit *aithcheól* ‘second (?) music’) agus réitíonn fad an ghuta leis an sampla atá luaite thuas. Féach plé ar an bhfocal seo in Murphy (1953: 223) s.v. *aithcheó[dh].* (Samplaí den fhocal nach luaitear in *DIL* is ea: *Mag.* 462; *DDána* uimh. 49 r. 14*d*; Walsh (1957: 98 r. 6*b*); McKenna (1947b: 71 r. 52*d*, = *BST* 238.14, cf. ibid. 302); *DBM* uimh. 39 rr. 95*c*, 147*d*; Cameron (1894: 294 r. 17*b*); Carney (1952: 177 r. 77*d*). Féach freisin *aithcheódh* (: *ainghleódh*), Carney (1952: 179 r. 82*cd*); sa chás sin, áfach, b’fhéidir gur cheart *aithcheó* agus *ainghleó* a léamh (LS aceo; angleo).)

6*d*. *dallaidh … orainn* ‘it blunts my …’. Níl aon samplaí eile agam den bhriathar *dallaidh* is é in úsáid leis an réamhfhocal *ar* ar an gcaoi seo. Is cosúil gurb é is brí leis an nath anseo ná go bhfuil an file chomh mór sin trína chéile go bhfuil cur isteach á dhéanamh ar a cheird (*áithcheól*), é sin i ngeall ar an dá chomhairle atá á meá aige is ó tharla nach túisce a bheartaíonn sé ar fhanacht ag Sadhbh ná go gcuireann smaoineamh ar chlanna Cuinn agus ar a áit dhúchais isteach air. Féach samplaí de *dall(aidh)* ag tagairt do chur isteach ar an meabhair in McGrath (1944: 180 r. 4*ab*, cf. 179–80 rr. 1*ab*, 3, 7) agus *GBMCM* uimh. 4 r. 37*ab*; cf. freisin *O’Hara* uimh. 28 r. 12 agus n. (lch 402). Tá codarsnacht éifeachtach idir *áith-* (‘keen’) agus *dallaidh* (‘blunts, obscures’) dá réir. Mar sin féin, b’fhéidir go bhféadfaí *tallaidh* a léamh in ionad *dallaidh* agus an líne a aistriú i riocht ‘it takes my keen music from me’ (féach *DIL* s.v. 1 *do-alla*). Tá an chuma ar léamh na lámhscríbhinne go mb’fhéidir go ndearnadh *d* den litir *t* sa bhriathar, ach ní fhágann sé sin nach tuaiplis a bhí sa *t* an chéad uair. Rogha eile ná an briathar a cheangal leis an mbrí ‘plenty, lashings’, brí atá luaite leis an ainm briathartha *dalladh* sa Nua-Ghaeilge (Ó Dónaill 1977 s.v. *dalladh* 3a) agus é a aistriú mar ‘my keen music causes increase/abundance for me’. Ní luaitear an bhrí sin leis an mbriathar féin, áfach (ibid. s.v. *dall*[3]).

6*d*. *áithcheól* ‘keen music’. Don cheol atá á thagairt ag an bhfile do cheird na filíochta anseo, mar a mheasaim, féach, mar shampla, *ceól ar ceirdi-ne* ‘the music of my craft’ agus *ceóllaoidhe* ‘musical poems’ (McManus 2014: 166 r. 24*b*; *LCAB* uimh. 19 r. 21*d*). Ar ndóigh, tá cuntais againn go mbíodh ceol ag gabháil leis an bhfilíocht agus í á haithris, féach Breatnach (1981), McCaughey (1984), Gillies (2010) agus Blankenhorn (2010).

7*c.* *ar bhuaibh laogh* 'for the sake of milch cows and their calves'. Tá sé á chur i gcás anseo go bhfuil an nath *bó laogh* le tuiscint sa chiall 'bó mar aon leis na laonna'. Cuir i gcomparáid, b'fhéidir, na duaiseanna *loilgheacha gona laoghaibh* ('milch cows with their calves') a luaitear in *GBMCM* uimh. 9 r. 31*d*. Ní dhéanfadh na beithígh an bainne a thál gan na laonna a bheith in éindí leo agus ba chuid den duais ón bpátrún iad dá réir, féach Kelly (1997: 38–9) ('Early Irish sources … stress the necessity for the calf to be present at the milking.').

Rogha eile ná glacadh le *bó laogh* sa chiall atá ag *bó inlaogh* 'in-calf heifer' (féach Kelly 1997: 64, 558). Tá sampla eile den nath le fáil in *Mag.* uimh. 32 r. 22*ab*: *Ball einigh nar urmais Guaire* / *do ghabh ar bhronnadh b*hó *laogh* ('In the bestowal of cows in calf he reached a point of generosity at which Guaire never aimed'), ach b'fhéidir gur chirte 'cows with [their] calves' mar aistriú i bhfianaise an phlé thuas. Tá samplaí le fáil de nath *bó laoigh* ina n-úsáidtear an ginideach uatha den fhocal *laogh*, áfach, murab ionann agus an ghinideach iolra atá sa dán seo againne agus sa sampla in *Mag.*, agus is cosúil ar an gcéad shampla gurb ionann an bhrí agus *bó inlaogh* i ngeall ar *agh ionlaoigh* a bheith luaite sa dara líne: (i) *Ní fhuil bhoin acht 'na boin láoigh* / *ná agh acht 'na hoigh indláigh* ('There is no cow that does not bear calves, nor doe that does not bear fawns [Aistriú an scríbhneora].'); (ii) *Ar dtrághadh lachta na loilgheach* / *dá laogh ní budh lór do dhigh* / *a dtabhradh bó laoigh do leamhnocht* / *do ghaoibh cró na seanlocht sin* ('When the milk of the milch-cows had dried up, all the beestings an in-calf heifer could give to its calf was not sufficient sustenance, this was caused by the bloody spears of ancient faults [Aistriú an scríbhneora]', *PB* uimh. 10 r. 6*c*). Tharlódh go bhfuil difríocht sa bhrí mar sin ag brath ar ghinideach uatha nó ginideach iolra a bheith i gceist.

8*b.* *ar fhuidheall mh'fhasdóidh* 'subject to the decision that I remain'. Gabhann bríonna éagsúla le *fuidheall*, féach *DIL* s.v. *fuigell* agus *fuidell* (cf. freisin *TD* II 220 19 n.). Glacaim leis sa chiall 'decision' (*DIL* F 469.34) anseo.

8*c.* *munba cead liom* 'unless I consent to it'. Creidim go bhfuil an t-ainm briathartha *mh'fhasdódh* (líne *b*) le tuiscint mar chomhlánú ar an nath *munba cead liom* sa líne seo agus go bhfuil sé fágtha ar lár trí fhocalbhá.

9*b.* *grádh muintire* 'famial love'. Tá an t-aistriú bunaithe ar chomhthéacs an natha *muirn dheóradh* sa líne chéanna. Tacaíonn ginealach an phátrúin agus an cóngas gaoil a chuireann an file ar bun léi leis, mar a pléadh thuas. D'fhéadfadh imeartas focal a bheith i gceist, áfach, ar bhrí eile ab fhéidir a shamhlú le *g. m.* mar atá 'grade / position of an attendant'; cf. r. 16*d* n. maidir le himeartas focal den chineál céanna.

9*cd.* *imdheacht* : *inleacht* (LS imte*cht*; in*n*tle*cht*) 'leaving' 'devices'. Leasú déanta ar mhaithe le comhardadh slán, féach *IGT* II §24, *DIL* s.v. *int(ṡ)liucht* agus *DDána* uimh. 3 r. 17*cd* [*sic leg.*]; *IBP* uimh. 35 r. 6*cd* (inntleachta : inghealta; *leg.* inleachta).

10*b.* *gach ubhall ar a abhaill* 'every apple belongs on its tree'. Nath seanfhoclach is cosúil; cf. *Cionnus bheadh an t-ubhaillín acht mar bheadh an t-abhaillín?* (O'Rahilly 1922 §12) agus *Matha* 7: 17–18, *Lúcás* 6: 43.

11*c*. *ar a sliocht* ‘through her descendant’. Glacaim le *sliocht* sa chiall ‘descendant’; shíolraigh Í Bhriain ó Chormac Cas, mac le hiníon Chuinn Chéadchathaigh, féach *FFÉ* IV 18–22, cf. Ó Donnchadha (1940: 293). D’fhéadfaí é a aistriú i riocht ‘because of her descent’ freisin nó glacadh leis an leagan cainte *ar sliocht* sa chiall ‘in imitation of, following the example of’ chomh maith, féach *DIL* S 271.78–84.

11*d*. *ainm* ‘name’. Tharlódh an bhrí ‘fame, renown’ a bheith le tuiscint leis an ainmfhocal chomh maith, *DIL* s.v. *ainmm* (b).

12*b*. *do Leith Chuinn* ‘from Conn’s Half’. B’fhéidir an giorrú sa lámhscríbhinn a scaoileadh mar *leith* nó *leath*. Faightear foirmeacha den dá inscne atá ag an ainmfhocal *leath* i gcás an logainm seo (m.sh. *ó leath C.* : *each*, O’Dwyer (1946: 88 r. 48*cd*).

12*c*. *uimpe* ‘related to her’. Maidir le brí an réamhfhocail *um* chun gaol a chur in úil, féach *DIL* I 103.7–24.

12*d*. *ní gaol nach imdhigh orainn* ‘it is not a kinship that does not exist between us’. Is é an míniú a thugtar ar an leagan cainte *imdhigh ar* (*imm-téit for*) in *DIL* I 156.51–61 ná ‘befalls, happens’. Tá sé á aistriú ar mhúnla an bhriathair *teagmhaidh* ‘happens’, ‘happens to be (come)’, ‘is’ (*DIL* s.v. *do-cuirethar* III; Bergin (1930) 77, 23 n.). Rogha eile é a aistriú mar a bheadh brí an leagain chainte *téit ar / for* (‘is inflicted upon, comes upon’ *DIL* T 131.58–85) leis (‘that does not impose itself upon me’). Bríonna eile nach luaitear in *DIL* leis an leagan cainte *imdhigh ar* is ea: (i) ‘approaches, attacks’ (< *téit ar / for*), *AithdD.* II 305 s.v. *imthighim*; (ii) ‘is born’ ibid.; (iii) ‘treats of’ *Mag.* 1990.

13*b, d*. *díbh* ‘from there (*lit.* of them)’. Ní foláir nó tá *Leath Cuinn* (líne *a*) á úsáid anseo mar a bheadh cnuasainm ann agus *díbh* (línte *b*, *d*) ag tagairt do phobal an cheantair (cf. O’Rahilly 1946: 191).

Tá úsáid den chineál seo le feiceáil sa tagairt a dhéantar do logainm (*Cell Dá Lua*) le forainm réamhfhoclach san uimhir iolra sa dán *A fhir, ná suid ar in síd*, Ó Cuív (1987: 48 r. 39) agus n. (53 r. 39*d*): *‘Freisteólaid Conchobar cruaid, / mac Ruaidrí is rígda sluaig, / loiscfid Cill Dá Lua lennmair, / do-béra dáib do-menmain’* (‘Hardy Conchobar, son of Ruaidrí who is most royal as regards hosts, will counterattack; he will burn ale-loving Cell Dá Lua (and) he will cause them to be dispirited.’). Do shamplaí eile, féach r. 27*d*, *Créad tárraidh treise Connacht* r. 6*c* (Ó Riain 2008: 173) agus O’Grady (1929: I, 91.12).

13*b*. *máthair mhná Sabhrainne* ‘the mother of the lady of the Sabhrann’. Sadhbh atá i gceist le *bean Sabhrainne*. Abhainn i gCorcaigh í an tSabhrainn. Is gnách í a aithint mar abhainn na Laoi, ach áitíonn Ó Murchadha (1965) gurbh ionann abhainn na Sabhrainne agus an ‘Maglin-Curragheen river’ i gCorcaigh agus go ndearnadh cuid d’abhainn na Laoi di níos deireanaí. Is dócha go bhfuil Sadhbh á ceangal leis an abhainn sin toisc gur i gCúige Mumhan atá sí. Ceanglaítear an pátrún le haibhneacha eile freisin (*an Forghas*, *an Mhodhairn* rr. 15*b*, 25*d*); cf. n. 12 sa réamhrá.

14*a*. *Fuil Cholla* 'The blood of Colla'. Do chuid de na teaghlaigh a shíolraigh ó na trí Cholla, féach *TD* II 229 agus Hogan (1910: 601). Is cosúil gur le teaghlach a máthar a bhaineann an tagairt, féach Ó Riain (2022: 108 n. 37; *leg.* 'sin-seanmháthair' in ionad 'seanmháthair' sa nóta céanna).

14*c*. *ó a bhfuil 'na [h]eanghlais dá fhíon* 'through whom she is a mixture of two wines'. Glacaim le *bhfuil* mar bhriathar substainteach agus le *dhā sheanathair Shaidhbhe* i líne *b* mar réamhtheachtaí an chlásail choibhneasta réamhfhoclaigh anseo. Tuigtear dom gurb í *Sadhbh* (líne *b*; gin.) ainmní an bhriathair shubstaintigh agus tá *h*- soláthraithe ar an bfocal *eanghlais* dá réir. D'fhéadfaí glacadh le *fuil* (líne *a*) mar ainmní an bhriathair freisin, ach ba ghá *h*- a sholáthar sa chás sin chomh maith.

14*c*. *dá fhíon* 'two wines'. B'fhéidir dhá mhíniú a sholáthar air seo: (i) an uimhir *dá* agus an ginideach iolra den ainmfhocal; aistr. 'of two wines'; (ii) *dá* (< *de* + *a*) mar a mbeadh an aidiacht shealbhach fhirinscneach ag tagairt do *Cholla* (líne *a*); aistr. 'of his wine'. Don smaoineamh go bhfuil *dá fhíon*/*fhuil* i nduine óna ghinealach, féach RIA 1134 (23 E 29), 146 (*Misi <a Aimi> ar h'inc[h]aib fein* r. 14): *<I>arla h'athairsi, a ucht glan,* / *iarla athair do mhathar,* / *slicht <a> riadhla fuil ortsa* / *fuil dá iarla indottsa* ('Your father is an earl, o clear breasted one, your mother's father is an earl; you bear the mark of their regimes — the blood of two earls is inside you [Aistriú an scríbhneora].'

Úsáidtear *fíon* anseo ag tagairt d'fhuil anseo. Féach samplaí eile den mheafar seo in *AithdD.* uimh. 18 r. 36*c* agus Ó Raghallaigh (1928: 46 r. 59). Tá an úsáid seo le cur i gcomparáid leis an gcomhfhocal coitianta *fíonfhuil.* Tuairimíonn Ryan (2002: 147–8) agus (2006: 215–18) gur ón bhfilíocht chráifeach a shíolraigh úsáid an chomhfhocail seo san fhilíocht shaolta.

14*d*. *fuil Fhearghais an airdrīogh* 'the blood of Fearghas the high-king'. Tagairt d'Fhearghas Fortamhail, ardrí na hÉireann sa chianaimsir, de réir chosúlachta, féach Ó Riain (2022: 108).

15*a*. *Uilliam Búrc.* Tá ceist ann faoin duine a dtagraítear dó anseo. Is dócha gurb é Uilliam mac Aldelm (*al.* Atalm) (Uilliam Congcar) atá i gceist ón uair gur uaidh a shíolraigh na Búrcaigh, féach *LMG* §§798B.1, 798C.1, 2. Ba Bhúrcach í máthair Shaidhbhe, féach lch 272 thuas. D'fhéadfadh sé, áfach, gurb é Uilliam Átha an Chip (mac Riocaird Mhóir), sinsear na mBúrcach i gCo. Mhaigh Eo, atá i gceist anseo, cf. *LMG* §798F.6.

15*b*. *gh[e]in* (LS ghin). Ardú ar an nguta *e* in aice le consan srónach is cúis le *ghin* na lámhscríbhinne, féach plé in O'Rahilly (1932), 194–5 agus féach r. 37*b* *misdi* (cf. *mei-* i rr. 1*a*, 41*a* agus *meince* : *teilgthe* i r. 39*c*). Tá fianaise ar a leithéid sna lámhscríbhínní ón gceathrú haois déag amach (Ó Riain 2025: 62). Lochtaítear *i* in ionad *ei* i gcásanna áirithe sa teanga chlasaiceach, áfach (m.sh. *mic* in ionad *meic* in IGT II 702). Ach féach, mar shampla, go gceadaítear *teinn* agus *tinn* (ginideach an ainmfhocail *teann* in IGT II §63) agus an comhardadh *misi* : *brisi* (13ú haois), *IBP* uimh. 45 r. 14*cd*.

15*b*. *mhná an Fhorghais* ‘the lady of the Fergus’. Tagairt do Shadhbh. Tá abhainn an Fhorghais (‘the Fergus’) i ndeisceart Cho. an Chláir, dúthaigh na mBrianach; cf. r. 13*b* n.

16*d*. *ar mhuintearas* ‘among friends (*lit.* friendship)’. Glacaim le *m.* sa chiall ‘association, friendship, alliance’ anseo. D’fhéadfadh an bhrí ‘service’ (i.e. membership of a ‘muinter’) a bheith leis freisin (féach *DIL* s.v. *muinteras*) agus b’fhéidir go bhfuil imeartas focal i gceist anseo; cf. r. 9*b* n. maidir le himeartas focal den chineál céanna.

17*b*. *i gcomhrag dhá chomhairle* ‘in a conflict of two (opposing) counsels’. Tharlódh go bhfuil macalla ón líne seo sa dán *Atám i gcás eidir dhá chomhairle* le hEochaidh Ó hEódhasa (*DDána* uimh. 70).

17*c*. *’gá ngabhaim port* ‘with whom I reside’. Maidir le haistriú an bhriathair, féach *DIL* G 19.12–25. B’fhéidir go bhfuil imeartas focal ar bun anseo le brí eile a ghabhann leis an leagan cainte *port do ghabháil* mar atá: ‘sing’. Thacódh an focal *āithcheōl* i líne 6*d* leis an tuiscint sin.

18*b*. *dol[a]* ‘to go’. Tá an líne seo róghairid, agus is í an mhalairt fhoirme de *dol* na lámhscríbhinne atá curtha sa téacs chun an siolla breise a sholáthar. D’fhéadfaí *gus ar* a léamh in áit *go ar* chomh maith chun an siolla sin a chur ar fáil freisin; mar sin féin, is é *go* (nó *gó*) an ghnáthfhoirm roimh aidiacht shealbhach a thosaíonn ar ghuta (O’Rahilly (1941: xxxiv); cf. 35*a* n. thíos); níl ach an t-aon sampla amháin den fhoirm *gus* le fáil san ionad sin agus é sin i ndán *ógláchais* (McKenna 1947, uimh. 7 r. 1*d*). Féach McManus (2000: 87–8, r. 25 n.) maidir leis na foirmeacha *gus* / *go*.

18*d*. *re cloinn gCāirthinn* ‘from the descendants of Cáirtheann’. Cáirtheann Fionn mac Bloid meic Cais atá i gceist anseo. Is gnách go n-áirítear é i measc ghinealach ríthe (/ iarlaí) Thuadhmhumhan, féach *LL* VI 44671–85, Pender (1951) §1948, *LMG* §642.1, cf. Ó Donnchadha (1940: 86).

Tá an guta fada san ainm dílis cinnte in *AithdD.* uimh. 26 r. 3*cd* (: *ráidhfinn*); cf. Ó Macháin (2019: 279).

19*a*. *breitheamh sgol* ‘authority of schools’. Úsáidtear an téarma *breitheamh* ag tagairt don ghnó a dhéanadh an grád file ab airde. Dá úsáid, féach *IBP* uimh. 42 r. 7, *DDána* uimh. 73 r. 32, McKenna (1951b) 217 r. 4*a* agus féach plé ar an ngnó agus ar an téarma in McManus (2004: 113–21) agus Simms (2007: 130–1).

21*b*. *taobh dhá dtāngamar* ‘the area we came from’. Aistriú eile ab fhéidir a sholáthar é ‘the area we came to’ (an réamhfhocal *do* ‘to’ in ionad *de* ‘of, from’).

21*d*. *fhine Tháil* ‘the descendants of Tál’. Tál (*al.* mac Táil, *al.* Cas), sinsear Dál gCais, féach Pender (1951) §1948, *LMG* §§637.1, 642.1.

22*a*. *tréidhe tighearnadh* ‘kingly qualities’. Luaitear an frása seo nó leagan comhchiallach (*tréidhe*/*airdheana ríogh*/*flatha*) i dtéacsanna éagsúla, féach lch 277 thuas, *DDána* uimh. 82 r. 39; Ó Raghallaigh (2012: 897 r. 30); Watson (1937) uimh. 5 r. 7, *O’Hara* uimh. 8 r. 51, uimh. 20 rr. 9*a*, 11; *LCAB* uimh. 42

ll. 93–6; Ó Raghallaigh (1928: 289 r. 38); *TD* uimh. 20 r. 11; cf. rr. 1–10; *AithdD.* uimh. 18 r. 29; *IT* II uimh. 11 r. 11; Watson (1922: 222, r. 51) agus *DIL* s.v. *tréide*.

22*c.* *níor dhiall [re]* (LS lé) 'can only be compared to'. Soláthraím *re* anseo ón uair gurb é is gnáth a úsáid le *diall*, *deall* sna samplaí ar fad atá agam, cé is moite de dhá shampla ón seachtú haois déag ina n-úsáidtear *le* (viz. Mhág Craith (1958: 120) uimh. 7 r. 40*c* (= O'Rahilly 1927: II, 139 l. 63) agus RIA 540 (C IV 1) 180b). Luaitear sampla eile in *DIL* (s.v. *díall, dell*) ina n-úsáidtear *le* i gcóip RIA 743 (A IV 3) den dán *Uaigneach sin, a Chinn Choradh*: *síol mBriain…ag díall lé háitibh oile nár áitigh Brían Bóroimhe*; is é *re* atá ina áit sin sna cóipeanna den dán atá i Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn agus RIA 23 F 16, rud a thugann údarás don leasú a dhéantar anseo.

23*a.* *éigin* 'certain'. Tá an dobhriathar á úsáid anseo sa chiall 'ar leith' ('particular'). Do shamplaí eile den úsáid seo, féach Breatnach (1993: 63 r. 3*b*); *AithdD.* uimh. 31 r. 15*c*, uimh. 32 r. 6*b*, *Créad tárraidh treise Connacht* r. 26*a* (Ó Riain 2008: 176).

23*a.* *soin*. Tá mar a bheadh feidhm fhorainm phearsanta ag an bhforainm taispeántach anseo a thagraíonn siar do *bean*. Féach sampla eile den úsáid seo: *Lá a Leithbhior 'nar loiteadh sin* 'the day in Lifford where he was wounded', Knott (1960: 166 r. 24*a*) agus *Créad tárraidh treise Connacht* r. 3*c* (Ó Riain 2008: 173).

23*c.* *gá* (LS *cá*) 'which'. Tá *gá* (< *cía*) curtha síos mar fhoirm chlasaiceach in *IGT* I §16 (séú haois déag). Ainneoin gur athrú a bhaineann le ré na Meán-Ghaeilge é go nglóraítear *c-* tosaigh i bhfocail neamhaiceanta, m.sh. *co* > *go*, *can* > *gan* (féach *GOI* §178.2 agus *SnaG* III §3.23), tá cruthúnas againn i gcás an fhocail *ciodh* / *giodh* (< *cía*) (ar féidir leis a bheith aiceanta agus neamhaiceanta, *BST* 225.7–24, cf. *IGT* I §16) go raibh feidhm fós le malairtíocht idir consan tosaigh glórach agus neamhghlórach sa tréimhse seo, cf. *ná bean díom **g**iodh* (: *miodh*) *do **gh**ualainn* agus *a **ch**airte **c**iodh* (: *cion*) *nach osglann*, *AithdD.* uimh. 29 r. 16*c*. D'fhágfadh sé sin go mb'fhéidir nár cheart aon athrú a dhéanamh ar an bhfoirm *cá*.

25*d.* *choinnill* (LS cuin*n*ill) 'candle'. Ní aithnítear foirm den ainmfhocal seo le -u- sna tráchtais (IGT II §54) agus níl aon sampla ar eolas agam ina bhfuil -u- le fáil i gcomhardadh. Tá an fhoirm leasaithe agam dá réir sin agus 'oirrim' (LS uirrim) á léamh i líne *c* ar mhaithe leis an gcomhardadh. Maidir leis an malartaíoct *cu-*/*co-*, féach r. 6*c* n. thuas.

25*d.* *Mhodhairne* 'the Mourne'. Abhainn i gCo. Thír Eoghain; cf. r. 13*b* n. thuas.

26*a.* *Ní huaisle 'na [h]adhbhar ghill* 'it is not nobility as a cause for excellence'. Glacaim le *na* i riocht an réamhfhocail *i* agus na haidiachta sealbhaí ag tagairt do *uaisle* agus dá bhrí sin tá loime, atá in easnamh sa lámhscríbhinn, curtha isteach sa téacs agam. Tá an líne seo le cur i gcomparáid le *ní dealbh 'na díol orrama* (r. 25*b*) áit nárbh fhéidir *nā* a léamh ó thaobh na brí de ach an oiread. Maidir le *adhbhar gill* sa chiall 'a cause for supremacy / excellence', féach *DIL*

G 61.74 agus cf. McKenna (1940: 67–8). Tá an nath céanna *adhbhar gill* le fáil sa dán *A theachtaire théid bhu thuaidh* freisin (*LCAB* uimh. 67 ll.65–8):

> Cidh iomdha ag Aodh adhbhar gill,
> ní treisi cúis dá gcluinim
> fa bhfúair urraim Innse Fáil,
> millse a chumainn 's a chomhráidh.
>
> 'Although Aodh has many grounds for excellence, of all the reasons I have heard for him to have gained the respect of Ireland, there is none more compelling than the sweetness of his love and speech [Aistriú an scríbhneora].'

26*b*. *do-bhéaradh aice* 'which would win … for her'. Níl aon sampla eile agam den leagan cainte *do-bheir ag*, ach is cosúil go gciallaíonn sé 'thuillfeadh di'. Cf. *do-bheir* i r. 25 ach *rug* (*beiridh*) i r. 23–4.

26*c*. *bruinneadh* 'refinement'. Úsáidtear *bruinneadh* i gciall mheafarach ag tagairt do 'giniúint' agus is cosúil gurb é sin atá i gceist anseo, féach *DIL* s.v. 2 *bruinnid* agus m.sh. *AithdD.* uimh. 70 r. 16 (cf. II 252 n.):

> Ógh do bhruinneadh is do bhaisdeadh,
> bláith ro ghabhais chugat corp,
> glan rod bruinneadh i mbroinn Moire
> níor thoill bruinneadh oile ort.
>
> 'Virginal was Thy conception and Thy baptism; nobly didst Thou take a body; pure wert Thou conceived in Mary's womb; no other conception befitted Thee.'

27*c*. *uirrinn* (*ur* + *rinn*) 'the very tip'. Tuigtear dom gurb é an réimír threise atá mar chéad eilimint sa chomhfhocal seo, féach *DIL* s.v. *air-* agus IGT I §100.

28*ab*. Tá an file ag tarraingt ar mhóitíf an 'leannáin fhileadh' ar bhealach suntasach anseo; móitíf í sin ina roinneann an t-ollamh an leaba (nó an seomra leapa) lena phátrún, féach Breatnach (1983: 40ff.).

28*c*. *coimhmionna* (*comh-* + *mionna*) 'equally prominent'. Focal ar fhocal '(it would not be) equal oaths (for her and for them)'. Glacaim le *mionna* mar uimhir iolra an ainmfhocail *mionn* 'oath' anseo. Bhraith an tábhacht a bhí ag roinnt leis an mionn ar stádas an duine a thug an mionn uaidh (féach Kelly 1988: 198–9, 202). Fágann sé seo go bhfuil an file ag tabhairt le fios gur fearr an chéim atá ag baint le Sadhdbh ná le mná eile (féach r. 27). Rogha eile ná glacadh le *mionna* mar ainm teibí na haidiachta *meann* 'clear etc.' (*DIL* 1 *menn*), foirm nach bhfuil luaite in *DIL*; cf. 1 *minde* (ainm teibí) < 2 *menn* 'stammering' agus r. 32*a* n. thíos.

29*a*. *Dá mbeith* 'even if … were'. Féach *TD* I, lxxvi n. 1 maidir leis an bhfoirm *dá mbeith*.

29*d*. *d'fheólfhuil* 'of the flesh and blood'. Is comhfhocal coitianta é seo. Tá samplaí eile de le fáil in *IT* II uimh. 18 r. 6*b*, *AithdD.* uimh. 21 r. 16*c*, *DDé*

uimh. r. 2*c*, *PB* uimh. 14 r. 24*d*, Ó Háinle (2004: 114 r. 16*d*), *LCAB* uimh. 4 l. 18, Ó Muireadhaigh (1970: 218 r. 29*c*). Tá an comhfhocal seo le cur i gcomparáid le *fíonfhuil*, féach r. 14*c* n. thuas.

30*a*. *Dá dtugadh mar nach tabhair* 'Even if she (refused) … which she does not'. Is ciúta stíle é seo ina ndéantar cur i gcás (foirmle: *dá* + modh foshuiteach caite) a bhréagnú (leis an bhfoirmle *mar nach x*). Féach sampla eile den chiúta céanna in *TD* uimh. 7 r. 50:

> Dá mbeith cách fós mar nách fuil,
> i coimhmeas re cloinn nEóghain,
> do bhiadh oirrim Bhanbha Breagh
> ag coinnill Annla ar éigean.
>
> 'And further, if, as is not the case, the rest were of equal estimation with the race of *Eóghan*, the homage of the Bregian *Banbha* would of necessity be given to the hero of *Annla*.'

Do shamplaí eile, féach McKenna (1951: 354 r. 18) agus IGT III 114.

30*c*. *a [cleith]* (LS cheilt) 'hidden' (ainm briathartha *ceilidh*; féach IGT II §14, III §34). Tá foirm na lámhscríbhinne leasaithe ón uair go bhfuil carn consan (*-lt*) san fhoirm sin ag réiteach le consan aonair (*clei*)*th*, locht a dtugtar *briseadh* air, IGT V §4. Tuigtear dom gur aidiacht shealbhach bhaininsceach atá ag teastáil sa chomhthéacs (ag tagairt do *gcleith* i líne *d*) agus tá an séimhiú bainte den ainm briathartha dá réir. (Ní móide go bhféadfaí a áiteamh gur aidiacht shealbhach fhirinscneach a bhfuil feidhm neamhphearsanta léi atá i gceist le foirm na lámhscríbhinne mar ní léir céard dó a dtagródh sí sa chomhthéacs.)

31*a*. *tlás [is] fos agus féile* (LS *tlás, fos,* 7 *féile*) 'Gentleness and steadfastness and modesty'. Tá siolla in easnamh ar an líne seo. Soláthraím *is* ar an tuiscint go raibh *tlas as* ós a chomhair ag an scríobhaí agus gur fhág sé an cónasc *as* (= agus) ar lár trí dhearmad. Tá na tréithe atá luaite sa líne seo le fáil i bhfoinsí eile, féach lch 277 thuas.

31*b*. *bheith d'fhearaibh ar éinchēile* '(causing) men to remain with a single spouse'. Glacaim leis go bhfuil an líne seo ar cheann de na tréithe atá á gceangal leis an mbean sa rann seo. Don dul cainte (*bheith*) *ar chéile*, féach: *ar chéile* (: *Éire*) *riamh go raibhe* 'she has always had a spouse', (RIA 1134 (23 E 29) 123 (téacs cóirithe); tos. *Ó mhnáibh ainmnighthear Éire* r. 11*c*). Féach plé ar an tréith seo na dílseachta in Ó Riain (2022: 114).

32*a*. *diorga* 'red'. Ní luaitear an fhoirm seo den ainm teibí in *DIL* s.v. *derge*, agus tharlódh gur cheart *deirge* a léamh anseo, ach tá an malartú sa ghuta aiceanta le cur i gcomparáid leis na foirmeacha den ainm teibí *meince*, *mionca*; cf. freisin r. 28*c* n. thuas.

32*b*. *trí datha ó mBriain Bhóraimhe* 'the three colours of the descendants of Brian Bóraimhe'. Tá an dathúlacht á lua anseo i bhfoirm na ndathanna dearg, bán agus dubh, féach plé in Ó Riain (2022: 114–17).

32*c*. *go gcaolach* (LS gcláolach) *ndata ndearc* ‘with an attractive eye-wattling’. Ní heol dom go bhfuil an focal *claolach* ann. Tá foirm na lámhscríbhinne leasaithe go *caolach* agam ar an tuiscint gur bhreac an scríobhaí *l* faoi dhó trí thimpiste. Is cosúil go dtagraíonn *caolach* do na fabhraí nó na malaí anseo. Féach úsáid an fhocail *caolach* ag cur síos ar ghruaig in *DDána* uimh. 74 r. 63:

> Atá cathair chaolaigh dhuinn
> ós do ghruaidh dheirg, a Dhomhnuill,
> rosg ar dhath gloine guirme,
> a sgath Moighe Modhuirne.
>
> ‘Brown thatched hair lies above your ruddy cheek, o Domhnall, (as does) an eye the colour of blue crystal, o hero of Magh Modhairne [Aistriú an scríbhneora].’

Féach samplaí eile in *DDána* uimh. 98 r. 20, *Mag.* 930, 973 agus RIA 1134 (23 E 29), 22 (*Cia so agras cóir um Chruachain* r. 29). Úsáidtear an focal céanna in *DDána* uimh. 106 r. 33 ag tagairt do mhéara (aistr. McKenna (1927) 554):

> Sleagha reamhra Bhéinne Bhriot
> a chéile Leamhna budh lat;
> fuarais corn beannchraobhach breac
> ’mar fheac Dolbh gealchaolach glac.
>
> ‘Béinne Briot’s stout lances shall be thine, O spouse of Leamhain, thou ownest a painted cup of branching handles whereon Dolbh plied his hands’ white fingers’.

Tá sampla eile den úsáid seo in McGeown agus Murphy (1953: 81 r. 5*c*).

Maidir le hurú a bheith ar lorg ainmfhocail atá faoi réir ag *go*^{N} (‘with’) in áit an tséimhithe stairiúil, féach Bergin (1930: 90, uimh. 19, 21 n.), *Mag.* 410 (1010 n.) agus Falconer (1953: lxiii).

33*d*. *rosggurma* ‘blue eyes’. Is cosúil gurb é *rosgurma* an litriú a mholtar in IGT i gcás an chomhfhocail seo ón uair go moltar *-c* a fhágáil ar lár i gcomhfhocal ina dtagann *-sg* agus *-c* (agus *-g* dá réir) le chéile ann, féach IGT I §30 *fleasgorr* (< *fleasg* + *corr*).

34*a*. *A díthcheall dána molta* ‘a fitting eulogy for the woman (*lit.* her)’. Cuir i gcomparáid an téarma *dán*/*duan díchill* in *DDána* uimh. 38 r. 16*c* agus *DMU* uimh. 23 r. 13*c* (l. 2813 n.); cf. freisin *IGT* III 477.

34*c*. *fear páirte* ‘companion’. Is cosúil gurb é an file féin atá i gceist leis an nath seo, ach tharlódh go dtagraítear d’fhear céile an phátrúin.

Maidir leis an easpa uraithe ar lorg ainmfhocail (*fear*) sa tuiseal cuspóireach a bhfuil an fhoirm chéanna aige sa tuiseal sin agus sa tuiseal ainmneach, féach Ó Riain (2012: 58).

35. Tá brí an rainn doiléir, cf. r. 35*d* n. Tharlódh go gciallaíonn sé go dtabharfadh Sadhbh cead a chinn don fhile gan bheith in éineacht léi, ach ní féidir a bheith cinnte ina thaobh sin.

35*a*. *Gen go ngabhadh geis* 'Although … would commit no other transgression'. Léiríonn dhá shampla a thugtar in *DIL* G 57.70–2 go gciallaíonn an leagan cainte *geis do ghabháil* 'to perpetrate an injustice', mar atá (i) *DDé* uimh. 31 r. 20 (mar a bhfuil sé ar comhbhrí leis an leagan cainte *do-ní geis* (ibid. r. 21*b*) is cosúil) agus (ii) *IT* II uimh. 7 r. 9*ab*:

(i) Gach duine ghabhas geis éagcóir
dá anmain budh olc an béad
[sínfir] olc ar gheis do ghabháil
ní leis corp d'fhagháil re n-éag.

'If a man does injustice 'twill ruin his soul; but punishment for it shall be delayed (?), for it cannot get hold of his body till death.'

(ii) Géill ceathra cóigeadh re a chois
óigfhear leis nach geabhtha geis.

'The young man who should commit no crime had the hostages of four provinces with him [Aistriú an scríbhneora].'

Maidir le *gen* (LS gén) *go*, tá an fhoirm *gion go* coitianta sa tréimhse chlasaiceach, ach ar ndóigh tá an fhoirm *cen co* le fáil ó ré na Meán-Ghaeilge, féach *DIL* s.v. *cen* IV. Tagann an litriú *gen* leis an bhfoirm stairiúil sin (*pace DIL*; cf. 23*c* n. thuas); níl aon leasú déanta dá réir. Tabhair faoi deara go mbíonn síneadh fada ag an scríobhaí ar fhocail neamhaiceanta scaití (m.sh. i rr. 8*c*, 18*b*) agus féach samplaí eile de *gén go* in RIA 215 (A V 1), 78, 79 (Breatnach 1989, 36, 38 rr. 13*a*, 30*a*).

35*d*. *iarghairm* 'recall (?)'. Ní luaitear an focal seo in *DIL*. Is cosúil go bhfuil an file ag súil leis go dtiocfaidh cuireadh eile ón bpátrún agus nach mian leis a leithéid i ngeall ar na cúraimí atá air i gConnachta. Tabharfaidh sé cuairt uirthi ar a choinníollacha féin amach anseo, féach r. 1*cd* agus plé in Ó Riain (2022: 118–19). Rogha eile (nár luaigh mé san aiste úd) ná nach mbeadh Sadhbh sásta cead a chinn a thabhairt don fhile imeacht uaithi arís, ach í ag iarraidh air fanacht ina teannta; aistr. 'to be recalled [*sc.* to Connacht]'.

36*d*. *uime* 'thereby'. Tá dúnadh anseo agus i rainn 38 (*-me*), 39 (*-mhe*), 40 (*-mhe*), agus 41 (*-m*; *dúnadh* dúbailte le *Meisde* in 1*a* agus 41*a* sa chás deireanach). Tharlódh go bhfuil *dúnadh* i rainn 26 (*-m*) agus 35 (*-m*) freisin. Maidir leis an *dúnadh* i rainn iargcomhairc, féach Breatnach (1986: 52 r. 41*d* n.) agus maidir le *dúnadh* i gcorp an dáin féin, féach Ó Riain (2019b: 103–21).

37–8. Déantar moladh ar Bháitéar Búrc, fear céile an phátrúin, sna rainn iargcomhairc seo.

37*b*. *do mhainéara* 'your manors'. Maidir leis na mainéir atá luaite anseo, féach Nicholls (2003: 173), Murphy (2015) agus léarscáil 6 in Cosgrove (2008: 233).

37*c*. *céim lé mbéara thoir ar thréan* 'a situation whereby he will gain power in the east'. Déanaim amach go dtagraíonn an focal *céim* don staid atá curtha síos i líne *a* (go bhfuil Sadhbh pósta le fear de shliocht Iarla Uladh), gurb é Bháitéar atá le tuiscint mar ainmní an bhriathair *mbéara* agus gur do ríocht

na hÉireann i dTeamhair a thagraíonn *thoir* agus *tréan*; aistr. 'is a situation whereby he will gain power in the east'. Más ceart an léamh a dhéanaim ar an líne, is cosúil go dtagraítear anseo do thacaíocht a bhféadfadh Bháitéar a bheith ag súil léi ó cheantair éagsúla, muintir a mhná céile ina measc. Pléitear an ghné seo den phósadh in Simms (1975: 98–9), eadem (1978: 19–20).

37*d*. *Bháitēar* (< *Water (Gaultier), Risk (1968–71: 624 (§104)). Tá litriú an ainm seo le *Bh-* tosaigh in ionad foirme gan séimhiú le feiceáil i dtéacs P de IGT II §35. Is litriú é *Báitéar* a tháinig chun cinn níos deireanaí ar an tuiscint gur foirm shéimhithe é *Bháitéar*, féach Risk (1968–71: 655 §218).

39. Molann an file Mac Domhnaill sa rann iargcomhairc seo. Ní móide gur cheart glacadh leis seo mar shloinne, áfach. Is é is dóichí gurb é seo an teideal *Mac Domhnaill*, teideal a bhí in úsáid don té a bhí mar cheann fine ar Chlann Domhnaill Í Chonchobhair sa tréimhse 1395–1536 (Ó Riain (2022: 98 n. 3); tugadh Uí Chonchobhair Shligigh ar an teaghlach ina dhiaidh sin. Ba é Muircheartach Bacach Ó Conchobhair a tháinig i gcomharbacht ar a athair Domhnall nuair a cailleadh é sa bhliain 1395, an chéad duine a bhféadfadh an teideal sin tagairt dó. Tagairt do Mhuircheartach Bacach nó dá dhearthár Brian (rí 1403/4–1440) atá sa rann mar sin. Níl aon dánta ann ó Mhaol Eachlainn in onóir do Mhuircheartach Bacach, ach ní féidir argóint *ex silentio* a dhéanamh dá réir nach é atá i gceist. Ach más tagairt do Bhrian é, chuirfeadh sé ar ár gcumas an bhliain 1403/4 a lua mar *terminus post quem* leis an dán. Maidir leis na hairm a luaitear anseo, féach Harbison (1976: 272–3, 275–6, cf. 279) agus Boyd (2022) 66.

39*a*. *mh'fhaicsin dó* 'my being noticed by Mac Domhnaill (*lit.* him)'. Úsáidtear ainm briathartha *do-chí* agus an réamhfhocal *do* i gciall chollaí nó rómánsúil mar a léiríonn sampla in *TD* uimh. 1 r. 26*c*:

> "Do dheóin nó ar éigin agam
> biaidh tú," ar an t-óg abhradonn,
> "do-chuaidh mé óm fhéagain d'fhior,
> ní féadair é," ar an inghean.
>
> ' "By consent or force thou shalt be mine," said the brown-lashed youth. "I have forsaken the glances of man, it cannot be," returned the maiden.'

Is cosúil, mar sin, gurb é an grá a chuireann an nath in úil, féach Breatnach & Breatnach 2005, 35 r. 2*cd*, *LBranach* l. 6076, *AithdD.* uimh. 80 r. 2, Ó Cuív (1973: 100, 9–10 n.), Carney (1976: 187–8), Dooley (1985: 146 n. 7), Campbell (1989: 175–6), agus Ó Tuama (1988: 46).

Tá sampla eile ann mar ar cosúil go dtagraíonn an nath don chaidreamh idir an t-ollamh flatha agus a phátrúin, comhthéacs a bheadh feiliúnach sa dán seo againne (Leabhar Fhear Maighe 195, *Cionnas íocthar séad suirghe* r. 13*a*; téacs cóirithe):

D'éis fhaicseana Dáibhíth dún
níor fhéadas m'aigneadh d'iompúdh;
níor fhéad mé an annsa tar ais;
sé níor annsa 'na éagmhais.

'When I had noticed Dáibhíth, I could not turn my thoughts (from him); I could not turn back (the tide of) love; he would be loved as dearly from afar [Aistriú an scríbhneora].'

40, 41. Pléann an dá rann seo, atá tiomnaithe don chroch naofa agus do Phádraig faoi seach, le haiféala an fhile faoina easpa cráifeachta. Tá gaol gairid acu, dá bhrí sin, le téamaíocht dáin eile leis dar tús *Tánaig an tráth nóna* (Knott 1957: 33–6 / Ó Riain 2008: 210–57). Tá rann tiomnaithe ag an bhfile do Phádraig sa dán céanna (Ó Riain 2008: 243 r. 23; rann nach bhfuil ag Knott) agus rann eile don chroch naofa sa dán *Do bhriseas bhearnaidh ar Brian* (*DDána* uimh. 82 r. 43).

40*a.* *Croch Dhé* 'Crucifix'. Faightear an ginideach uatha de *Dia* le séimhiú agus gan séimhiú. Féach O'Rahilly (1941: 237 l. 3620 n.).

40*c.* *bhfuarrūn* 'indifferent resolve (?)'. Tuigtear dom go dtagraíonn an focal seo d'easpa cráifeachta an fhile agus d'easpa dáiríreachta a bhraitheann sé i leith na cráifeachta (féach 40, 41 n. thuas maidir leis an téama seo). Don bhrí 'indifferent' le *fuar-*, féach *DIL* U 29.81–30.11. Cuir i gcomparáid *rúinnimh* ('evil heart') agus *fuaire mo bhéas* ('colder grows my character') in *DDána* uimh. 39 rr. 6*d*, 16*c* / McKenna (1928: 437, 438), maraon leis na línte: *Eadrad, a Athair neamhdha, 's an bioth cé … tig mo rún a-nall 's a-nonn* 'my will wavers between you, O heavenly Father, and this world' (Ó Háinle 2004: 116–17 r. 28*abc*);

Tá dhá *r* ag teacht le chéile anseo, iad i ndeireadh agus i dtús an dá eilimint den chomhfhocal. Nuair atá défhoghar (nó guta fada) sa chéad eilimint de chomhfhocal den saghas seo, moltar an comhfhocal a litriú le *r* amháin (*.r. trom*) in IGT I §44, ach dhá *r* atá sa LS.

Liosta foinsí

Giorrúcháin

AC	Freeman (1944).
Ann. Clon.	Murphy (1896).
AithdD.	McKenna (1939–40).
ALC	Hennessy (1871).
BST	McKenna (1944).
Chron. Scot.	Hennessy (1866).
DBM	Mhág Craith (1967–80).
DDána	Mac Cionnaith (1938).
DDé	McKenna (1922).
FFÉ	Comyn & Dinneen (1902–14).
GBMCM	Williams (1980).
IBP	Bergin (1970).

IF	McKenna (1918).
IGT V	Ó Riain (2025).
IT	Fraser & O'Keeffe (1931).
LBranach	Mac Airt (1944).
LCAB	Ó Donnchadha (1931).
LMG	Ó Muraíle (2003–4).
Mag.	McKenna (1947).
O'Hara	McKenna (1951d).
PB	McKenna (1931).
TD	Knott (1922–26).

Foinsí

Bergin, Osborn 1930: *Sgéalaigheacht Chéitinn. Stories from Keating's History of Ireland.* An tríú heagrán. (Baile Átha Cliath).

—— 1970: *Irish Bardic Poetry* (Baile Átha Cliath).

Best, R. I. 1904: 'The *Leabhar Oiris*', *Ériu* 1, 74–112.

Blankenhorn, Virginia 2010: 'Observations on the performance of Irish syllabic verse', *Studia Celtica* 44, 135–54.

Boyd, Stephen 2022: *Ramon de Perellós Journey to St Patrick's Purgatory* (Barcelona/Woodbrige).

Breatnach, Liam 2023: '*A fhir, ná híad dreich Temrach*: A poem on medieval Irish society' in Elizabeth Boyle agus Ruairí Ó hUiginn (eag.), *Book of Uí Mhaine* (Baile Átha Cliath), 151–90.

Breatnach, Pádraig A. 1981: 'A musical link between *dán* and *amhrán*', *Ceol* 4/4, 102–9.

—— 1983: 'The chief's poet', *Proceedings of the Royal Irish Academy* C 83: 37–79.

—— 1986: 'Ar bhás Aodha an Einigh Mhéig Uidhir A.D. 1428', *Éigse* 21, 37–51.

—— 1989: 'Cú Chonnacht Ó Dálaigh's poem before leaving Aodh Ruadh' in Donnchadh Ó Corráin, Liam Breatnach, agus Kim McCone (eag.), *Sages, saints and storytellers: Celtic studies in honour of Professor James Carney* (Má Nuad) 32–42.

—— 1993: 'A covenant between Eochaidh Ó hEódhusa and Aodh Mág Uidhir' *Éigse* 27, 59–66.

—— 1997: *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge* (Má Nuad).

Breatnach, R. A. 1944: 'Dán do Shan Proinsias' in S. O'Brien (eag.), *Measgra i gcuimhne Mhichíl Uí Chléirigh .i. Miscellany of historical and linguistic studies in honour of Brother Michael Ó Cléirigh, O.F.M., chief of the Four Masters, 1643–1943* (Baile Átha Cliath), 190–200.

—— 1990: The Periphrastic Comparative', *Éigse* 24, 1–8.

Breatnach, R. A. agus Breatnach, Pádraig A. 2005: 'Elegy of Aodh Ruadh Ó Domhnaill (d. 1505)', *Éigse* 35: 27–52.

Cameron, Alexander 1894: *Reliquiae Celticae II: Texts, Papers and Studies in Gaelic Literature and Philology* (Inbhear Nis).

Campbell, J. J. 1989: 'Notes on poems by Mac Mhaighstir Alasdair', *Scottish Gaelic Studies* 18, 175–85.

Carney, James 1945: *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400–1650)* (Baile Átha Cliath).
—— 1952: '*Carn Fraoich soitheach na saorchlann*', *Celtica* 2: 154–94.
—— 1976: 'The earliest Bran material' in J. J. O'Meara agus B. Naumann (eag.), *Latin Script and Letters A. D. 400–900: Festschrift presented to Ludwig Bieler on the occasion of his 70th birthday* (Leiden), 174–93.
Comyn, David agus Dinneen, Patrick 1902–14: *Foras Feasa ar Éirinn.* 4 vols. (Londain).
Cosgrove, Art 2008: *A New History of Ireland II: Medieval Ireland, 1189–1534* (Oxford).
Dooley, Ann 1985: 'Maelmhuire Ó Leannáin's *Peacach ar síol 'nar sluaghaibh*: source and content', *Celtica* 17, 145–57.
Falconer, Sheila 1953: *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha: An Early Modern Irish Translation of the Quest of the Holy Grail* (Baile Átha Cliath).
Fraser, J. agus O'Keeffe, J. G. 1931: *Irish Texts II* (Londain).
Freeman, A. Martin 1924–7: 'The annals in Cotton MS Titus A XXV', *RC* 41, 301–30; 42, 283–305; 43, 358–84; 44, 336–61.
—— 1944: *Annála Connacht. The Annals of Connacht* (Baile Átha Cliath).
Gillies, William 2010: 'Music and Gaelic strict-metre poetry', *Studia Celtica* 44, 111–34.
Harbison, Peter 1976: 'Native Irish arms and armour in medieval Gaelic literature, 1170–1600', *Irish Sword* 12/48, 173–99, 12/49, 270–84.
Hennessy, William M. 1871: *The Annals of Loch Cé: A Chronicle of Irish Affairs from A.D. 1014 to A.D. 1590.* 2 vols. (Londain).
Hogan, Edmund 1910: *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Dublin).
Kelly, Fergus 1988: *A Guide to Early Irish Law* (Baile Átha Cliath).
—— 1997: *Early Irish Farming* (Baile Átha Cliath).
Knott, Eleanor 1911: '*Filidh Éreann go haointeach*', *Ériu* 5: 50–69.
—— 1922–26: *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn.* 2 iml. (Londain).
—— 1957: *An Introduction to Irish Syllabic Poetry of the Period 1200–1600.* An dara heagrán. (Baile Átha Cliath).
—— 1960: 'Mac an Bhaird's elegy on the Ulster lords', *Celtica* 5, 161–71.
Mac Airt, Seán 1944: *Leabhar Branach: The Book of the O'Byrnes* (Baile Átha Cliath).
Mac Cionnaith, Láimhbheartach 1938: *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath).
McCaughey, Terence 1984: 'The performing of dán', *Ériu* 35, 39–57.
McGrath, Cuthbert 1944: 'Three poems by Bonabhentúra Ó hEódhasa, O.F.M.' *Éigse* 4/3, 175–96.
McGeown, Hugh agus Murphy, Gerard 1953: 'Giolla Brighde Albanach's vision of Donnchadh Cairbreach Ó Briain c. A.D. 1200', *Éigse* 7/2, 80–3.
McKenna, Lambert 1918–20: *Iomarbhágh na bhFileadh.* 2 vols. (Londain)
—— 1922: *Dán Dé: The Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Baile Átha Cliath).
—— 1927: 'To Ó Maoilsheachluinn, King of Meath', *Irish Monthly* 55, 551-5
—— 1928: 'Sorrow for sin', *The Irish Monthly* 56/662, 437–40.

—— 1931: *Philip Bocht Ó hUiginn* (Baile Átha Cliath).
—— 1939–40: *Aithdioghluim Dána: A Miscellany of Irish Bardic Poetry, Historical and Religious including the Historical Poems of the Duanaire in the Yellow Book of Lecan.* 2 iml. (Baile Átha Cliath).
—— 1940: '*Geall* in bardic poetry' in John Ryan (eag.), *Féil-sgríbhinn Eóin Mhic Néill: Essays and Studies presented to Professor Eoin MacNeill on the occasion of his seventieth birthday, May 15th 1938* (Baile Átha Cliath), 62–71.
—— 1944: *Bardic Syntactical Tracts* (Baile Átha Cliath).
—— 1947: *Book of Magauran. Leabhar Mhéig Shamhradháin* (Baile Átha Cliath).
—— 1947b: 'A poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh' in Séamus Pender (eag.), *Féilscríbhinn Torna: Essays and Studies presented to Professor Tadhg Ua Donnchadha (Torna) on the occasion of his seventieth birthday, September 4th, 1944* (Corcaigh), 66–76.
—— 1951a: 'Some Irish bardic poems (97)' *Studies* 40, 93–6.
—— 1951b: 'Some Irish bardic poems [98]' *Studies* 40, 217–22.
—— 1951c: 'Some Irish bardic poems (99)', *Studies* 40, 352–63.
—— 1951d: *The Book of O'Hara*: *Leabhar Uí Eadhra* (Baile Átha Cliath).
McLeod, Wilson 2004: *Divided Gaels: Gaelic Cultural Identities in Scotland and Ireland c. 1200–c. 1650* (Oxford).
McManus, Damian 2000: 'An elegy on the death of Aodh Ó Conchobhair (†1309)' *Ériu* 51, 69–91.
—— 2004: 'The bardic poet as teacher, student and critic: a context for the grammatical tracts' in Cathal Ó Háinle agus Donald Meek (ed.), *Unity in Diversity* (Baile Átha Cliath), 97–123.
—— 2014: 'In defence of manslaughter: two poems by Muireadhach Leasa an Doill/Albanach Ó Dálaigh for Domhnall Mór (mac Éigneacháin) Ó Domhnaill (†1241)', *Ériu* 64, 145–203.
McManus, Damian agus Ó Raghallaigh, Eoghan 2010: *A Bardic Miscellany* (Baile Átha Cliath).
Meyer, Kuno 1912a: 'Mitteilungen aus irischen Handschriften', *ZCP* 8, 102–20, 195–232, 559–65.
—— 1912b: 'The Laud genealogies and tribal histories', *ZCP* 8, 291–338.
Mhág Craith, Cuthbert 1958: 'Brian Mac Giolla Phádraig', *Celtica* 4: 103–205.
—— 1967–80: *Dán na mBráthar Mionúr.* 2 iml. (Baile Átha Cliath).
Murphy, Denis 1896: *The Annals of Clonmacnoise: Being annals of Ireland from the earliest period to A.D. 1408* (Baile Átha Cliath).
Murphy, Gerard 1943: 'A vision concerning Rolf MacMahon', *Éigse* 4/2: 79–111.
—— 1953: *Duanaire Finn* III (Londain).
Murphy, Gerard agus Wulff, Winfred 1936: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy.* Fasc. 18 (Baile Átha Cliath).
Murphy, Margaret 2015: 'Manor centres, settlement and agricultural systems in medieval Ireland, 1250–1350' in M. Murphy agus M. Stout (eag.), *Agriculture and Settlement in Ireland* (Baile Átha Cliath), 69–100.

Nicholls, Kenneth 2003: *Gaelic and Gaelicised Ireland in the Middle Ages.* Second ed. (Baile Átha Cliath).

Ní Dhonnchadha, Máirín 1989: 'An address to a student of law' in Liam Breatnach, Kim McCone agus Donnchadh Ó Corráin (eag.), *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in honour of Professor James Carney* (Má Nuad), 159–77.

Nic Cárthaigh, Emma (2013): '*Mór a-tá ar theagasg flatha*: *speculum principis* le Tadhg mac Dáire Mheic Bhruaideadha' in Seán Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú agus Pádraigín Riggs (eag.), *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (An Daingean), 139–80.

O'Brien, Michael A. 1962: *Corpus genealogiarum Hiberniae* (Baile Átha Cliath).

Ó Cuív, Brian 1970: 'A poem for Cathal Croibhdhearg Ó Conchubhair', *Éigse* 13/3, 195–202.

—— 1973: 'Two items from Irish apocryphal tradition', *Celtica* 10, 87–113.

—— 1987: 'A poem of prophecy on Ua Conchobair kings of Connacht', *Celtica* 19, 31–54.

—— 1994: *Aibidil Gaoidheilge & Caiticiosma: Seaán Ó Cearnaigh's Irish primer of religion published in 1571* (Baile Átha Cliath).

O'Daly, Máirín 1975: *Cath Maige Mucrama* (Baile Átha Cliath).

Ó Dónaill, Niall 1977: *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath).

Ó Donnchadha, Tadhg 1931: *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath).

Ó Donnchadha, Tadhg 1940: *An Leabhar Muimhneach mar aon le suim aguisíní* (Baile Átha Cliath).

O'Dwyer, Peter 1946: 'A vision concerning Hugh O'Connor (†1309)', *Éigse* 5/2, 79–91.

O'Grady, Standish Hayes 1929: *Caithréim Thoirdhealbhaigh.* 2 iml. (Londain).

Ó Háinle, Cathal 2004: '*Múin aithrighe dhamh, a Dhé* revised', *Ériu* 54, 103–23.

Ó Lochlainn, Colm 1943: 'Poets on the Battle of Clontarf', *Éigse* 3/3, 33–47.

Ó Macháin, Pádraig 1998: *Téacs agus Údar i bhFilíocht na Scol* (Baile Átha Cliath).

—— 2019: 'Dán le Tadhg Dall Ó hUiginn' in Caoimhín Breatnach, Meidhbhín Ní Úrdail agus Gordon Ó Riain, *Lorg na Leabhar: A Festschrift for Pádraig A. Breatnach* (Baile Átha Cliath) 271–86.

Ó Muireadhaigh, Réamonn 1970: 'Moladh ar Ailín Mac Dubhghaill' *Éigse* 13/3, 211–20.

Ó Muraíle, Nollaig (2003–4): *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies compiled (1645–66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh.* 4 iml. (Baile Átha Cliath).

Ó Murchadha, Diarmuid 1965: 'Where was the river Sabhrann?', *Dinnseanchas* 1, 59–66.

Ó Raghallaigh, Tomás 1928: 'Seanchas agus geinealach na mBúrcach', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society* 14, 30–51.

—— 1938: *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Baile Átha Cliath).

Ó Raghallaigh, Eoghan 2012: '*A gcródhacht ceart chlann bhFeórais*: Dán molta ar Mhaighiú Mac Feórais' in Eoin Mac Cárthaigh agus Jürgen Uhlich (eag.) *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle* (Indreabhán), 881–913.
O'Rahilly, T. F. 1922: *A Miscellany of Irish Proverbs* (Baile Átha Cliath).
—— 1927: *Measgra Dánta.* 2 iml. (Corcaigh).
—— 1932: *Irish Dialects Past and Present with Chapters on Scottish and Manx* (Baile Átha Cliath).
—— 1941: *Desiderius* (Baile Átha Cliath).
—— 1946: *Early Irish History and Mythology* (Baile Átha Cliath).
Ó Riain, Pádraig 1970: 'A poem on Séafraidh Ó Donnchadha an Ghleanna' *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 3, 48–58.
Ó Riain, Gordon 2007: 'Dán réitigh le Conchobhar Ruadh Mac Con Midhe (†1481)' in Pádraig A. Breatnach, Caoimhín Breatnach agus Meidhbhín Ní Úrdail (eag.) *Léann Lámhscríbhinní Lobháin: The Louvain Manuscript Heritage* Baile Átha Cliath), 54–75.
—— 2008: 'Ceithre Dhán le Maol Eachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn', tráchtas PhD neamhfhoilsithe, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
—— 2012: 'The language of Caithréim Thoirdhealbhaigh' in Liam P. Ó Murchú (eag.), *Caithréim Thoirdhealbhaigh: Reassessments* (Londain), 54–76.
—— 2017: 'A fragment of an early modern tract on grammar and metrics' in Gordon Ó Riain (eag.), *Dá dTrian Feasa Fiafraighidh: Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition* (Baile Átha Cliath), 131–86.
—— 2019a: 'Review Article: Early modern poetry in transcript: *A Bardic Miscellany*', *Studia Hibernica* 45, 133–50.
—— 2019b: 'The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe: Manuscript sources, themes, and structure' in Pádraigín Riggs (eag.), *Giolla Brighde Mac Con Midhe: The Poet and his Craft* (Corcaigh), 71–127.
—— 2022: 'File ó Leath Chuinn agus banphátrún ó Leath Mhogha' in Aengus Ó Fionnagáin agus Gordon Ó Riain (eag.), *Léann na Sionainne* (Baile Átha Cliath), 97–121.
—— 2025: *On the Faults of Poetry: An Edition of Irish Grammatical Tracts V* (London).
O'Sullivan, Anne 1987: *Poems on Marcher Lords* (Londain).
Ó Tuama, Seán 1988: *An Grá i bhFilíocht na nUaisle* (Baile Átha Cliath).
Pender, Séamus 1951: 'The O'Clery book of genealogies', *Analecta Hibernica* 18: 1–198.
Risk, Henry 1968–71: 'French loan-words in Irish (I)', *Études celtiques* 12: 585–655.
Ryan, Salvador 2002: 'Reign of blood: Aspects of devotion to the wounds of Christ in late medieval Gaelic Ireland' in Joost Augusteijn agus Mary Ann Lyons (eag.), *Irish History: A Research Yearbook* 1, 137–49.
—— 2006: 'Exchanging blood for wine: Envisaging heaven in Irish bardic poetry' in Carolyn Muessig agus Ad Putter (ed.), *Envisaging Heaven in the Middle Ages* (Londain), 209–21.
Simms, Katharine 1975: 'Warfare in the medieval Gaelic lordships' *The Irish Sword* 12, 98–108.

—— 1978: 'Women in Norman Ireland' in Margaret Mac Curtain agus Donncha Ó Corráin (ed.), *Women in Irish Society: The Historical Dimension* (Baile Átha Cliath), 14–25.
—— 2007: 'The poetic brehon lawyers of early sixteenth-century Ireland', *Ériu* 57: 121–32.
Walsh, Paul 1933: *Gleanings from Irish Manuscripts.* An dara heagrán. (Baile Átha Cliath).
—— 1948–57: *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill as Leabhar Lughaidh Uí Chléirigh* (Baile Átha Cliath). 2 iml.
Watson, W. J. 1922: 'Classic Gaelic poetry of panegyric in Scotland', *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* 29, 195–235.
—— 1937: *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Dún Éideann).
Williams, N. J. A. 1980: *The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Baile Átha Cliath).

Gordon Ó Riain

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath